Parlaimint na hEorpa
2024-2029

an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2026/0059(COD)

26.6.2026

***I
DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gáinneáil ar airm thine agus cionta eile a bhaineann le hairm thine a chomhrac agus lena leasaítear Treoir (AE) 2024/1260 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle
(COM(2026)0102 – C10-0060/2026 – 2026/0059(COD))

an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir: Evin Incir

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR 68

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gáinneáil ar airm thine agus cionta eile a bhaineann le hairm thine a chomhrac agus lena leasaítear Treoir (AE) 2024/1260 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (COM(2026)0102 – C10-0060/2026 – 2026/0059(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2026)0102),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 83(1) agus (2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C10-0060/2026),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an ... [1],

– ag féachaint do Riail 60 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A10-0000/2026),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

[1] IO C ... / Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

Leasú 1

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) Is réimse coireachta fíorthromchúisí í gáinneáil ar airm thine mar a aithnítear sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus is minic a dhéantar í faoi chuimsiú na coireachta eagraithe nó i ndáil leis an sceimhlitheoireacht. Is tosaíocht don Aontas agus do na Ballstáit é gáinneáil ar airm thine a chosc agus a chomhrac.	(2) Is réimse coireachta fíorthromchúisí í gáinneáil ar airm thine mar a aithnítear sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus is minic a dhéantar í faoi chuimsiú na coireachta eagraithe nó i ndáil leis an sceimhlitheoireacht ***agus is minic a fheidhmíonn sí mar chumasóir le haghaidh gníomhaíochta coiriúla eile***. Is tosaíocht don Aontas agus do na Ballstáit é gáinneáil ar airm thine a chosc agus a chomhrac***, laistigh de chríoch an Aontais agus sa chaidreamh le tríú tíortha araon***.

Or. en

Leasú 2

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) Is ábhar imní leanúnach san Aontas é an méadú ar gháinneáil ar airm thine agus ar chionta eile a bhaineann le hairm thine agus a n-éifeachtaí, agus déanann sé dochar d'éifeachtacht dhlí arm tine an Aontais. Thairis sin, tá cionta den sórt sin ag leathnú thar theorainneacha na mBallstát ina ndéantar iad. Is baol do na saoránaigh den Aontas Eorpach iad cionta den sórt sin agus is gá, dá bhrí sin, freagairt iomchuí agus éifeachtach a thabhairt orthu***, rud a éilíonn comhar éifeachtach trasteorann go minic***.	(3) Is ábhar imní leanúnach san Aontas é an méadú ar gháinneáil ar airm thine agus ar chionta eile a bhaineann le hairm thine agus a n-éifeachtaí, agus déanann sé dochar d'éifeachtacht dhlí arm tine an Aontais. Thairis sin, tá cionta den sórt sin ag leathnú thar theorainneacha na mBallstát ina ndéantar iad. Is baol do na saoránaigh den Aontas Eorpach iad cionta den sórt sin agus is gá, dá bhrí sin, freagairt iomchuí***, chomhordaithe*** agus éifeachtach a thabhairt orthu***. Is é is cúis leis an ardú sin freisin go bhfuil coinbhleachtaí armtha agus suaitheadh inmheánach lasmuigh den Aontas ag leanúint ar aghaidh agus ag teacht chun cinn, ar coinbhleachtaí agus suaitheadh iad a bhíonn ag brath go mór ar airm thine, idir airm thine***

dhleathacha agus airm thine aindleathacha, a d'fhéadfadh a bheith i gcúrsaíocht ansin i bhfad lasmuigh den chrios inar úsáideadh iad agus a thugtar isteach san Aontas.

Or. en

Leasú 3

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) ***Cuimsítear le*** monarú aindleathach arm tine monarú príobháideach arm tine, comhpháirteanna bunriachtanacha agus armlóin trí úsáid a bhaint as printéir 3T, meaisín muilleála miotail le haghaidh Gearradh Uimhriúil Ríomhaire nó córas ríomhoibrithe comhchosúil, gan údarú mar dhéileálaí. Is réamhriachtanas fíor-riachtanach iad treoirphleananna don chineál sin táirgthe. Tá monarú aindleathach bunaithe ar threoirphlean ag éirí níos tábhachtaí mar fhoinse arm tine lena n-úsáid le haghaidh na coireachta eagraithe agus na sceimhlitheoireachta, rud a tháirgeann airm thine anaithnide nach féidir a rianú ón tús.	(4) ***Tá athrú tagtha ar an*** monarú aindleathach arm tine ***le blianta beaga anuas agus cuimsítear leis anois*** monarú príobháideach arm tine, comhpháirteanna bunriachtanacha agus armlóin trí úsáid a bhaint as printéir 3T, meaisín muilleála miotail le haghaidh Gearradh Uimhriúil Ríomhaire nó córas ríomhoibrithe comhchosúil, gan údarú mar dhéileálaí. Is réamhriachtanas fíor-riachtanach iad treoirphleananna don chineál sin táirgthe. ***Mar a aithnítear sna moltaí a leagtar síos i Rún 12/3 ó na Náisiúin Aontaithe in 2024 a glacadh ag an 12ú seisiún de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta a tionóladh i Vín ón 14 go dtí an 18 Deireadh Fómhair 2024[1a],*** tá monarú aindleathach bunaithe ar threoirphlean ag éirí níos tábhachtaí mar fhoinse arm tine lena n-úsáid le haghaidh na coireachta eagraithe agus na sceimhlitheoireachta, rud a tháirgeann airm thine anaithnide nach féidir a rianú ón tús. ***Tá 'airm dhorianaithe', mar a thugtar orthu, tagtha chun cinn in imscrúduithe coiriúla iomadúla ar fud an Aontais.***

[1a] Rún 12/3 ó Comhdháil na bPáirtithe i

gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta dar teideal 'Bearta a fheabhsú, lena n-áirítear faoin bPrótacal Arm Tine, chun monarú agus gáinneáil aindleathach arm tine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna agus armlóin a chosc, a chomhrac agus a dhíothú, i bhfianaise forbairtí teicneolaíocha', https://www.unodc.org/documents/treaties/COP12/Resolutions/E/Resolution_12_3.pdf

Or. en

Leasú 4

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(11) I gcomhthéacs na n-ionstraimí sin, ba cheart a mheas gur monarú aindleathach é airm thine dhíghníomhachtaithe a athghníomhachtú go haindleathach toisc ***go mbaineann*** ionramháil ***a mheastar a bheith ina monaraíocht leis an athghníomhachtú*** a dhéantar gan an t-údarú is gá faoi Threoir (AE) 2021/555. ***Ba cheart bróicéireacht aindleathach arm tine a mheas mar gháinneáil aindleathach ar airm thine toisc gurb é réamhriachtanas don trádáil ceadúnas mar bhróicéir a bheith ag bróicéir, i gcomhréir le Treoir (AE) 2021/555. Ba cheart déileáil aindleathach a mheas mar gháinneáil aindleathach ar airm thine nó mar mhonarú aindleathach toisc gurb é réamhriachtanas don mhonaraíocht agus don trádáil araon ceadúnas a bheith ag an déileálaí i gcomhréir le Treoir (AE) 2021/555. Ba cheart sárú ar thrádbhac arm a mheas mar gháinneáil aindleathach ar airm thine toisc nár cheart údarú a dheonú d'onnmhairí chuig tíortha atá faoi thrádbhaic arm.***	(11) I gcomhthéacs na n-ionstraimí sin, ba cheart a mheas gur monarú aindleathach é airm thine dhíghníomhachtaithe a athghníomhachtú go haindleathach***, airm rabhaidh agus chomhartha, airm chúirtéise agus acústacha nó airm thine a thiontú, a mhodhnú, a dheisiú nó a uasghrádú go haindleathach agus arm tine a ghléasadh go haindleathach ar chóras gan foireann*** toisc ***go meastar go bhfuil an*** ionramháil a dhéantar gan an t-údarú is gá ***ón déileálaí ina monaraíocht*** faoi Threoir (AE) 2021/555.

Gné bhunriachtanach den sainmhíniú ar gháinneáil ar airm thine is ea an easpa údaraithe.

Or. en

Leasú 5

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 11 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(11a) Ba cheart bróicéireacht aindleathach arm tine a mheas mar gháinneáil aindleathach ar airm thine nó mar thrádáil aindleathach arm tine toisc gurb é an réamhriachtanas don trádáil ceadúnas mar bhróicéir a bheith ag bróicéir, i gcomhréir le Treoir (AE) 2021/555. Ba cheart déileáil aindleathach a mheas mar gháinneáil aindleathach ar airm thine, mar thrádáil aindleathach, mar mhonarú aindleathach nó mar chumasc díobh toisc gurb é réamhriachtanas don mhonaraíocht agus don trádáil araon ceadúnas a bheith ag an déileálaí i gcomhréir le Treoir (AE) 2021/555. Ba cheart sárú ar thrádbhac arm a mheas mar gháinneáil aindleathach ar airm thine toisc nár cheart údarú a dheonú d'onnmhairí chuig tíortha atá faoi thrádbhaic arm. Gné bhunriachtanach den sainmhíniú ar gháinneáil ar airm thine agus ar thrádáil aindleathach is ea an easpa údaraithe mar bhróicéir nó mar dhéileálaí. Cé gur féidir le trádáil aindleathach tarlú laistigh de Bhallstát, idir na Ballstáit, nó idir na Ballstáit agus tríú tíortha, is gáinneáil thrasnáisiúnta í an gháinneáil aindleathach, de réir sainmhínithe.

Or. en

Leasú 6

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 11 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(11b) Is gá a áirithiú freisin go ndéanfar coir as gríosú, cabhrú agus neartú, agus as iarracht a dhéanamh aon cheann de na cionta sin a dhéanamh. Ba cheart an coincheap 'iarracht' a léirmhíniú i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.

Or. en

Leasú 7

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 12

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(12) Níor cheart difear a dhéanamh do chearta na saoránach a shealbhaíonn, a úsáideann, a mhonaraíonn agus a thrádálann airm thine, comhpháirteanna bunriachtanacha nó armlón go dleathach i gcomhréir le Treoir (AE) 2021/555 agus Rialachán (AE) 2025/41.	(12) Níor cheart difear a dhéanamh do chearta na saoránach ***agus na ndaoine dlítheanacha*** a shealbhaíonn, a úsáideann, a mhonaraíonn agus a thrádálann airm thine, comhpháirteanna bunriachtanacha nó armlón go dleathach i gcomhréir le Treoir (AE) 2021/555 agus Rialachán (AE) 2025/41.

Or. en

Leasú 8

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 13

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(13) Tá teicneolaíochtaí nua tagtha chun cinn le blianta beaga anuas lena gcumasaítear monarú príobháideach arm tine, comhpháirteanna bunriachtanacha	(13) Tá teicneolaíochtaí nua tagtha chun cinn le blianta beaga anuas lena gcumasaítear monarú príobháideach arm tine, comhpháirteanna bunriachtanacha

agus armlóin, amhail priontáil 3T, ar a dtugtar monarú suimitheach freisin, agus tá siad ag éirí níos inrochtana agus níos inacmhainne. Braitheann an teicneolaíocht sin ar threoirphleananna digiteacha is féidir a íoslódáil, a dháileadh agus a úsáid chun airm thine a tháirgeadh go haindleathach. Agus éabhlóid na bagartha á cur san áireamh, ***agus i gcomhréir leis na moltaí a rinneadh i Rún 12/3[7] ó na Náisiúin Aontaithe a glacadh ag an 12ú seisiún de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta a tionóladh i Vín ón 14 go dtí an 18 Deireadh Fómhair 2024,*** ba cheart seilbh, rochtain, dáileadh agus cruthú treoirphleananna a choiriúlú sna Ballstáit uile.

agus armlóin, amhail priontáil 3T, ar a dtugtar monarú suimitheach freisin, agus tá siad ag éirí níos inrochtana agus níos inacmhainne. Braitheann an teicneolaíocht sin ar threoirphleananna digiteacha is féidir a íoslódáil, a dháileadh agus a úsáid chun airm thine a tháirgeadh go haindleathach. Agus éabhlóid na bagartha á cur san áireamh, ba cheart seilbh, rochtain, dáileadh agus cruthú treoirphleananna a choiriúlú sna Ballstáit uile. ***Is féidir le modhanna monaraithe shuimithigh, amhail priontáil 3T, a bheith ina spreagadh luachmhar don táirgeadh tionsclaíoch agus don nuálaíocht. Aon srian i dtéarmaí a húsáide, níor cheart dóibh difear a dhéanamh don úsáid dhlisteanach a bhaineann na déileálaithe arm tine a údaraítear i gcomhréir le Treoir (AE) 2021/555 nó daoine dlítheanacha nó nádúrtha údaraithe eile aisti. Níor cheart dó díriú ar thaighde agus ar fhorbairt nuálach na hearnála.***

---

*[7] [(7)]**Rún 12/3 Bearta a fheabhsú, lena n-áirítear faoin bPrótacal Arm Tine, chun monarú agus gáinneáil aindleathach arm tine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna agus armlóin a chosc, a chomhrac agus a dhíothú, i bhfianaise forbairtí teicneolaíocha, Comhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta.***

Or. en

Leasú 9

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 14

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(14) Ba cheart béim ar leith a leagan ar threoirphleananna a ***scaipeadh*** mar gheall	(14) Ba cheart béim ar leith a leagan ar threoirphleananna a ***chur ar fáil don***

ar a gcineál fairsing go bunúsach. A luaithe a ***roinntear*** treoirphlean ar líne, ní féidir é a rialú go tapa, rud a chruthaíonn timthriall ina ndéantar é a chóipeáil agus a scaipeadh ar fud ardáin iomadúla, rud a sheachnaíonn maoirseacht thraidisiúnta. Dá bhrí sin, ba cheart ***scaipeadh*** treoirphleananna a bheith ina chion coiriúil beag beann ar an imthosca, murab ionann agus na cionta a bhaineann le treoirphleananna a chruthú, a fháil, a shealbhú agus a ***chomhroinnt***. Ba cheart díriú ar chosc a chur ar ***scaipeadh*** trí chaighdeáin dhiana dliteanais a bhunú lena gceanglaítear faillí thar intinn choiriúil a bheith ina cion.

phobal mar gheall ar a gcineál fairsing go bunúsach. A luaithe a ***chuirtear*** treoirphlean ***ar fáil don phobal*** ar líne, ní féidir é a rialú go tapa, rud a chruthaíonn timthriall ina ndéantar é a chóipeáil agus a scaipeadh ar fud ardáin iomadúla, rud a sheachnaíonn maoirseacht thraidisiúnta. Dá bhrí sin, ba cheart ***cur ar fáil*** treoirphleananna ***don phobal*** a bheith ina chion coiriúil beag beann ar an imthosca, murab ionann agus na cionta a bhaineann le treoirphleananna a chruthú, a fháil, a shealbhú, agus a ***chur ar fáil do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha neamhúdaraithe***. Ba cheart díriú ar chosc a chur ar ***threoirphleananna a chur ar fáil don phobal*** trí chaighdeáin dhiana dliteanais a bhunú lena gceanglaítear faillí ***thromchúiseach*** thar intinn choiriúil a bheith ina cion.

Or. en

Leasú 10

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 14 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	***(14a) Maidir leis an gcion coiriúil maidir le threoirphleananna a chur ar fáil a shainítear sa Treoir seo, ba cheart an coincheap 'faillí thromchúiseach' a léirmhíniú i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, agus cásdlí ábhartha an Chúirt Bhreithiúnais á chur i gcuntas. Ní cheanglaítear leis an Treoir seo an coincheap 'faillí thromchúiseach' a thabhairt isteach sa dlí náisiúnta le haghaidh gach comhghné den chion coiriúil. I gcásanna den sórt sin, is féidir leis na Ballstáit a chinneadh go bhfuil an coincheap 'faillí thromchúiseach' ábhartha do ghnéithe den chion coiriúil amhail 'dóchúlacht' an iompair lena gcumasaítear coireanna eile a dhéanamh**

	mar a shainmhínítear faoin dlí náisiúnta, nó gur féidir é a léirmhíniú ar bhealach éagsúil de réir an dualgais cúraim ba cheart do dhuine nádúrtha nó duine dlítheanach a chomhlíonadh faoi na dlíthe náisiúnta ábhartha.

Or. en

Leasú 11

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 15

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(15) Is féidir le modhanna monaraithe shuimithigh, amhail priontáil 3T, a bheith ina spreagadh luachmhar don táirgeadh tionsclaíoch agus don nuálaíocht. Aon shrian i dtéarmaí a úsáide, níor cheart dóibh difear a dhéanamh d'úsáid dhlisteanach na ndéileálaithe arm tine a údaraítear trí Threoir (AE) 2021/555 nó daoine dlítheanacha nó nádúrtha údaraithe eile. Níor cheart dó díriú ar thaighde agus ar fhorbairt nuálach na hearnála.	***scriosta***

Or. en

Leasú 12

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 17

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(17) Chuige sin, ba cheart íosleibhéil don uastéarma príosúnachta a shocrú do dhaoine nádúrtha. I bhfianaise na díobhála a d'fhéadfadh arm tine a dhéanamh, lena n-áirítear mórdhíobháil agus bás, agus saolré fhada arm tine, is iomchuí íosleibhéil a shocrú lena léirítear an riosca don bheatha	(17) Chuige sin, ba cheart íosleibhéil don uastéarma príosúnachta a shocrú do dhaoine nádúrtha. I bhfianaise na díobhála a d'fhéadfadh arm tine a dhéanamh, lena n-áirítear mórdhíobháil agus bás, ***mar a léirítear leis na teagmhais lámhaigh a tharla i roinnt Ballstát,*** agus saolré fhada

a bhaineann le cionta a bhaineann le hairm thine agus atá i gcomhréir le riosca sonrach, tromchúis agus leibhéal neamhdhleathachta an chiona. Maidir leis na huastéarmaí príosúnachta dá bhforáiltear sa Treoir seo le haghaidh na gcionta coiriúla arna ndéanamh ag daoine nádúrtha, ba cheart feidhm a bheith acu maidir leis na foirmeacha is tromchúisí de na cionta sin ar a laghad. Ní shocraítear leis an Treoir seo aon cheanglais maidir leis an íosleibhéal pionós ba cheart do na Ballstáit a chur i bhfeidhm thar an ngá atá lena áirithiú nach mór do phionóis a bheith éifeachtach, athchomhairleach agus comhréireach ar an iomlán.	arm tine, is iomchuí íosleibhéil a shocrú lena léirítear an riosca don bheatha a bhaineann le cionta a bhaineann le hairm thine agus atá i gcomhréir le riosca sonrach, tromchúis agus leibhéal neamhdhleathachta an chiona. Maidir leis na huastéarmaí príosúnachta dá bhforáiltear sa Treoir seo le haghaidh na gcionta coiriúla arna ndéanamh ag daoine nádúrtha, ba cheart feidhm a bheith acu maidir leis na foirmeacha is tromchúisí de na cionta sin ar a laghad. Ní shocraítear leis an Treoir seo aon cheanglais maidir leis an íosleibhéal pionós ba cheart do na Ballstáit a chur i bhfeidhm thar an ngá atá lena áirithiú nach mór do phionóis a bheith éifeachtach, athchomhairleach agus comhréireach ar an iomlán.
	Or. en

Leasú 13

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 19

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(19) Sa mhéid go bhfuil iompraíocht atá ina gáinneáil ar airm thine agus ina cionta coiriúla eile a bhaineann le hairm thine inchurtha i leith daoine dlítheanacha, níor cheart na daoine dlítheanacha sin a chur faoi dhliteanas i leith cion den sórt sin ach amháin i gcás ina gcomhlíontar na heilimintí uile a chomhdhéanann na cionta coiriúla a leagtar amach in Airteagal 3. Leis an dliteanas, ba cheart cuntasacht a áirithiú, agus tuilleadh cionta coiriúla a chosc agus a dhíspreagadh. Chun cuspóirí na Treorach seo a ghnóthú, na Ballstáit a ndéantar foráil ina ndlí maidir le dliteanas coiriúil daoine dlítheanacha, ba cheart dóibh a áirithiú go ndéantar foráil ina ndlí maidir le cineálacha agus leibhéil pionós cóiriúil atá éifeachtach, athchomhairleach agus comhréireach. Chun cuspóirí na	(19) Sa mhéid go bhfuil iompraíocht atá ina gáinneáil ar airm thine agus ina cionta coiriúla eile a bhaineann le hairm thine inchurtha i leith daoine dlítheanacha, níor cheart na daoine dlítheanacha sin a chur faoi dhliteanas i leith cion den sórt sin ach amháin i gcás ina gcomhlíontar na heilimintí uile a chomhdhéanann na cionta coiriúla a leagtar amach in Airteagal 3. Leis an dliteanas, ba cheart cuntasacht a áirithiú, agus tuilleadh cionta coiriúla a chosc agus a dhíspreagadh***, rud a éilíonn maoirseacht agus rialú láidir, agus coiriúlú i gcásanna nach ndéantar an mhaoirseacht agus an rialú sin a fheidhmiú***. Chun cuspóirí na Treorach seo a ghnóthú, na Ballstáit a ndéantar foráil ina ndlí maidir le dliteanas coiriúil daoine dlítheanacha, ba cheart dóibh a áirithiú go

Treorach seo a ghnóthú, na Ballstáit sin nach ndéantar foráil ina ndlí maidir le dliteanas coiriúil daoine dlítheanacha, ba cheart dóibh a áirithiú go ndéantar foráil ina ndlí maidir le cineálacha agus leibhéil pionós neamhchóiriúil atá éifeachtach, athchomhairleach agus comhréireach. Chuige sin, ba cheart íosmhéideanna a shocrú le haghaidh na n-uasleibhéal fíneálacha. Ba cheart feidhm a bheith ag na huasleibhéil fíneálacha dá bhforáiltear sa Treoir seo i gcás na gcionta coiriúla maidir leis na foirmeacha is tromchúisí de na cionta sin ar a laghad, mar a shonraítear sa Treoir. Tromchúis na hiompraíochta, mar aon le himthosca aonair, imthosca airgeadais agus imthosca eile na ndaoine dlítheanacha lena mbaineann, ba cheart iad a chur san áireamh chun a áirithiú go bhfuil an pionós a fhorchuirfear éifeachtach, athchomhairleach agus comhréireach. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann an t-uasleibhéal fíneálacha a shocrú mar chéatadán de láimhdeachas domhanda iomlán an duine dhlítheanaigh lena mbaineann, nó i méideanna socraithe.

ndéantar foráil ina ndlí maidir le cineálacha agus leibhéil pionós cóiriúil atá éifeachtach, athchomhairleach agus comhréireach. Chun cuspóirí na Treorach seo a ghnóthú, na Ballstáit sin nach ndéantar foráil ina ndlí maidir le dliteanas coiriúil daoine dlítheanacha, ba cheart dóibh a áirithiú go ndéantar foráil ina ndlí maidir le cineálacha agus leibhéil pionós neamhchóiriúil atá éifeachtach, athchomhairleach agus comhréireach. Chuige sin, ba cheart íosmhéideanna a shocrú le haghaidh na n-uasleibhéal fíneálacha. Ba cheart feidhm a bheith ag na huasleibhéil fíneálacha dá bhforáiltear sa Treoir seo i gcás na gcionta coiriúla maidir leis na foirmeacha is tromchúisí de na cionta sin ar a laghad, mar a shonraítear sa Treoir. Tromchúis na hiompraíochta, mar aon le himthosca aonair, imthosca airgeadais agus imthosca eile na ndaoine dlítheanacha lena mbaineann, ba cheart iad a chur san áireamh chun a áirithiú go bhfuil an pionós a fhorchuirfear éifeachtach, athchomhairleach agus comhréireach. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann an t-uasleibhéal fíneálacha a shocrú mar chéatadán de láimhdeachas domhanda iomlán an duine dhlítheanaigh lena mbaineann, nó i méideanna socraithe.

Or. en

Leasú 14

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 26

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(26) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéantar foráil maidir le ceann amháin ar a laghad de na himthosca géaraitheacha dá bhforáiltear sa Treoir seo mar imthoisc ghéaraitheach a d'fhéadfadh a bheith ann i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme ina gcóras dlí. In aon chás, ba cheart go	(26) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéantar foráil maidir le ceann amháin ar a laghad de na himthosca géaraitheacha dá bhforáiltear sa Treoir seo mar imthoisc ghéaraitheach a d'fhéadfadh a bheith ann i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme ina gcóras dlí. ***Ba cheart a áireamh ar na***

bhfanfadh sé faoi dhiscréid an bhreithimh nó na cúirte cinneadh a dhéanamh i dtaobh an phianbhreith a mhéadú nó a laghdú, agus na himthosca sonracha i ngach cás ar leith á gcur san áireamh.	***himthosca géaraitheacha sin go n-aimseofaí, le linn imscrúduithe, níos mó ná arm tine amháin, nó arm tine de Chatagóir A nó de Chatagóir B, nó cásanna ina ndearnadh an choir trí mhionaoisigh a bheith rannpháirteach. Má rinneadh an cion coiriúil i dtimpeallacht ina bhfuil imní réasúnach ann go bhféadfaí an t-arm tine/na hairm thine a úsáid chun críoch coiriúil, ba cheart é sin a mheas freisin mar imthoisc ghéaraitheach.*** In aon chás, ba cheart go bhfanfadh sé faoi dhiscréid an bhreithimh nó na cúirte cinneadh a dhéanamh i dtaobh an phianbhreith a mhéadú nó a laghdú, agus na himthosca sonracha i ngach cás ar leith á gcur san áireamh.
	Or. en

Leasú 15

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 27

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(27) Nuair a aimsítear líon ard arm tine le linn imscrúdaithe, ba cheart é sin a mheas mar imthoisc ghéaraitheach. Chuige sin, ba cheart comhthuiscint a bheith ag na Ballstáit ar a bhfuil i gceist le líon ard arm tine.	***scriosta***
	Or. en

Leasú 16

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 29

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(29) Ba cheart feidhm a bheith ag an Treoir seo gan difear a dhéanamh do	(29) Ba cheart feidhm a bheith ag an Treoir seo gan difear a dhéanamh do

rialacha agus do phrionsabail ghinearálta an dlí náisiúnta choiriúil maidir le pianbhreith nó maidir le forghníomhú pianbhreitheanna i gcomhréir leis na himthosca nithiúla a bhaineann le gach cás aonair. Ba cheart go mbeadh Ballstáit in ann na cineálacha pionóis gabhálacha nó na bearta gabhálacha is iomchuí a chinneadh. Go háirithe, más féidir tarraingt siar ceadanna agus údaruithe chun gníomhaíochtaí a shaothrú a raibh an cion coiriúil mar thoradh orthu a fhorchur mar phionós faoin dlí náisiúnta, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil breithiúna nó cúirteanna in ann an pionós sin a fhorchur iad féin nó go gcuirtear údarás inniúil eile ar an eolas agus gur féidir leo gníomhú i gcomhréir le rialacha náisiúnta nós imeachta.	rialacha agus do phrionsabail ghinearálta an dlí náisiúnta choiriúil maidir le pianbhreith nó maidir le forghníomhú pianbhreitheanna i gcomhréir leis na himthosca nithiúla a bhaineann le gach cás aonair***, lena n-áirítear breithnithe maidir le haois, cumas cognaíoch, nó an méid comhéigin a cuireadh ar an gciontóir líomhnaithe***. Ba cheart go mbeadh Ballstáit in ann na cineálacha pionóis gabhálacha nó na bearta gabhálacha is iomchuí a chinneadh. Go háirithe, más féidir tarraingt siar ceadanna agus údaruithe chun gníomhaíochtaí a shaothrú a raibh an cion coiriúil mar thoradh orthu a fhorchur mar phionós faoin dlí náisiúnta, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil breithiúna nó cúirteanna in ann an pionós sin a fhorchur iad féin nó go gcuirtear údarás inniúil eile ar an eolas agus gur féidir leo gníomhú i gcomhréir le rialacha náisiúnta nós imeachta.
	Or. en

Leasú 17

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 30

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(30) Chun a áirithiú go ndéanfar imscrúduithe agus ionchúiseamh éifeachtach ar gháinneáil ar airm thine agus ar chionta coiriúla eile a bhaineann le hairm thine, ba cheart an deis a bheith acu siúd atá freagrach as na cionta sin a imscrúdú nó a ionchúiseamh leas a bhaint as uirlisí imscrúdaitheacha éifeachtacha amhail iad sin a úsáidtear chun an choireacht eagraithe nó coireanna tromchúiseacha eile a chomhrac. Ba cheart a áireamh ar uirlisí den sórt sin, i gcás inarb iomchuí, an cuardach a dhéantar ar aon mhaoin phearsanta, idircheapadh cumarsáidí, faireachas ceilte, lena n-áirítear	(30) Chun a áirithiú go ndéanfar imscrúduithe agus ionchúiseamh éifeachtach ar gháinneáil ar airm thine agus ar chionta coiriúla eile a bhaineann le hairm thine, ba cheart an deis a bheith acu siúd atá freagrach as na cionta sin a imscrúdú nó a ionchúiseamh leas a bhaint as uirlisí imscrúdaitheacha éifeachtacha***, lena n-áirítear uirlisí imscrúdaitheacha speisialta,*** amhail iad sin a úsáidtear chun an choireacht eagraithe nó coireanna tromchúiseacha eile a chomhrac. Ba cheart a áireamh ar uirlisí den sórt sin, i gcás inarb iomchuí, an cuardach a dhéantar ar aon mhaoin phearsanta, idircheapadh

faireachas leictreonach, taifid fuaime a ghlacadh agus a choimeád, agus é sin a dhéanamh i bhfeithiclí príobháideacha nó poiblí nó in áiteanna príobháideacha nó poiblí, mar aon le hamharcíomhánna de dhaoine i bhfeithiclí poiblí agus in áiteanna poiblí, seachadtaí rialaithe agus imscrúduithe airgeadais.	cumarsáidí, faireachas ceilte, lena n-áirítear faireachas leictreonach, taifid fuaime a ghlacadh agus a choimeád, agus é sin a dhéanamh i bhfeithiclí príobháideacha nó poiblí nó in áiteanna príobháideacha nó poiblí, mar aon le hamharcíomhánna de dhaoine i bhfeithiclí poiblí agus in áiteanna poiblí, seachadtaí rialaithe agus imscrúduithe airgeadais.
	Or. en

Leasú 18

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 30 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(30a) Chun cionta a chumhdaítear leis an Treoir seo a imscrúdú agus a ionchúiseamh, is minic is gá úsáid chomhordaithe a bhaint as bearta imscrúdaitheacha, lena n-áirítear uirlisí imscrúdaitheacha speisialta, i roinnt Ballstát. Tá gá le comhordú éifeachtach breithiúnach agus póilíneachta chun dlíthiúlacht, riachtanas, comhréireacht agus éifeachtacht na mbeart sin a áirithiú agus chun bailiú agus inghlacthacht fianaise ar fud dlínsí a éascú. Laistigh dá sainorduithe, ba cheart do Europol agus Eurojust tacú leis na húdaráis náisiúnta inniúla trí chomhar agus comhordú a éascú idir na húdaráis sin, lena n-áirítear, do na húdaráis bhreithiúnacha, i ndáil le hOrduithe Imscrúdaithe Eorpacha a fhorghníomhú agus bearta imscrúdaitheacha a chur chun feidhme ar bhealach comhordaithe in imscrúduithe trasteorann.
	Or. en

Leasú 19

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 31

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(31) Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann na bearta uile is gá a dhéanamh i gcomhréir le Treoir (AE) 2024/1260 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8]. Chun comhsheasmhacht téarmaíochta le hionstraimí reachtacha eile maidir le hairm thine a áirithiú, amhail Prótacal na Náisiún Aontaithe agus an Rialachán maidir le hAirm Thine, ba cheart an téarma 'urghabháil' a úsáid sa Treoir seo. I gcomhthéacs airm thine, comhpháirteanna bunriachtanacha agus armlón a urghabháil, ba cheart 'urghabháil' a thuiscint mar 'reo' mar a leagtar amach i dTreoir (AE) 2024/1260.	(31) ***Chun críoch na Treorach seo,*** ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann na bearta uile is gá a dhéanamh i gcomhréir le Treoir (AE) 2024/1260 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[22]. Chun comhsheasmhacht téarmaíochta le hionstraimí reachtacha eile maidir le hairm thine a áirithiú, amhail Prótacal na Náisiún Aontaithe agus an Rialachán maidir le hAirm Thine, ba cheart an téarma 'urghabháil' a úsáid sa Treoir seo. I gcomhthéacs airm thine, comhpháirteanna bunriachtanacha agus armlón a urghabháil, ba cheart 'urghabháil' a thuiscint mar 'reo' mar a leagtar amach i dTreoir (AE) 2024/1260. ***Aon trealamh a úsáidtear chun aon cheann de na cionta a shainítear sa Treoir seo a dhéanamh, lena n-áirítear printéirí 3T, meaisíní muilleála miotail le haghaidh Gearradh Uimhriúil Ríomhaire (CNC) nó córais ríomhoibrithe chomhchosúla, is féidir é a mheas freisin, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, mar ionstraimeachtaí na coireachta agus a urghabháil mar chuid de na himscrúduithe.***
[8] (8)Treoir (AE) 2024/1260 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le haisghabháil agus coigistiú sócmhainní (IO L 2024/1260, 2.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1260/oj)	[8] (8)Treoir (AE) 2024/1260 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le haisghabháil agus coigistiú sócmhainní (IO L 2024/1260, 2.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1260/oj)

Or. en

Leasú 20

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 32 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(32a) Mar a thacaíonn fianaise eolaíoch leis, déantar an comhrac i gcoinne cionta a bhaineann le hairm thine níos éifeachtúla nuair a áirítear leis gníomhaíochtaí coisctheacha agus gníomhaíochtaí laghdaithe éilimh. Chun na feachtais choisctheacha agus feasachta faoin Treoir seo a mhaoiniú, ar cheart dóibh díriú ar an éileamh ar airm thine aindleathacha a laghdú agus ar theorainn a chur leis an riosca go gcláródh mionaoisigh sna líonraí coiriúla sin, ba cheart do na Ballstáit, i gcomhréir lena ndlíthe náisiúnta, cuid de na sócmhainní a coigistíodh mar chuid d'imscrúduithe coiriúla i réimse na coireachta a bhaineann le hairm thine a leithdháileadh chun na críche sin. Leis an Treoir seo, moltar do na Ballstáit freisin feachtais um thabhairt suas deonach na n-arm tine a eagrú agus déantar foráil maidir le modhanna éagsúla diúscartha, lena n-áirítear airm thine arna n-urghabháil agus arna dtabhairt suas araon a scriosadh, agus é mar chuspóir cainníocht na n-arm tine aindleathach atá i gcúrsaíocht a shrianadh.

Or. en

Leasú 21

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 33

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(33) I bhfianaise, go háirithe, soghluaisteacht ciontóirí, mar aon le cineál trasteorann na gcionta coiriúla a shainítear	(33) I bhfianaise, go háirithe, soghluaisteacht ciontóirí, mar aon le cineál trasteorann na gcionta coiriúla a shainítear

sa Treoir seo agus an fhéidearthacht imscrúduithe trasteorann a dhéanamh, ba cheart do na Ballstáit dlínse a bhunú chun na cionta sin a chomhrac go héifeachtach. I gcás ina dtagann cion coiriúil faoi dhlínse níos mó ná Ballstát amháin, ba cheart do na Ballstáit lena mbaineann dul i gcomhar le chéile chun a chinneadh cén Ballstát is fearr atá in ann ionchúiseamh a dhéanamh, lena n-áirítear trí ***chúnamh*** Eurojust ar bhonn Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9]. Ba cheart do Bhallstát faoi leith dlínse a bhunú ar chionta coiriúla a dhéantar ar bord loinge nó aerárthaigh atá cláraithe sa Bhallstát sin, nó a bhfuil a bhratach ar foluain uirthi, agus caighdeáin ghaolmhara faoi choinbhinsiúin idirnáisiúnta lena mbaineann á gcur san áireamh**.**	sa Treoir seo agus an fhéidearthacht imscrúduithe trasteorann a dhéanamh, ba cheart do na Ballstáit dlínse a bhunú chun na cionta sin a chomhrac go héifeachtach. I gcás ina dtagann cion coiriúil faoi dhlínse níos mó ná Ballstát amháin, ba cheart do na Ballstáit lena mbaineann dul i gcomhar le chéile chun a chinneadh cén Ballstát is fearr atá in ann ionchúiseamh a dhéanamh, lena n-áirítear trí ***thacaíocht*** Eurojust ar bhonn Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[23]. Ba cheart do Bhallstát faoi leith dlínse a bhunú ar chionta coiriúla a dhéantar ar bord loinge nó aerárthaigh atá cláraithe sa Bhallstát sin, nó a bhfuil a bhratach ar foluain uirthi, agus caighdeáin ghaolmhara faoi choinbhinsiúin idirnáisiúnta lena mbaineann á gcur san áireamh
9 (9)Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust), agus lena n-ionadaítear Cinneadh 2002/187/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear an Cinneadh sin (IO L 295, 21.11.2018, lch. 138, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2014/164/oj).	9 (9)Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust), agus lena n-ionadaítear Cinneadh 2002/187/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear an Cinneadh sin (IO L 295, 21.11.2018, lch. 138, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2014/164/oj).

Or. en

Leasú 22

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 34

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(34) De dheasca easpa acmhainní agus cumhachtaí forfheidhmiúcháin d'údaráis náisiúnta a dhéanann cionta coiriúla a bhaineann le hairm tine a bhrath, a imscrúdú, a ionchúiseamh nó a bhreithniú,	(34) De dheasca easpa acmhainní agus cumhachtaí forfheidhmiúcháin d'údaráis náisiúnta a dhéanann cionta coiriúla a bhaineann le hairm tine a bhrath, a imscrúdú, a ionchúiseamh nó a bhreithniú,

cruthaítear bacainní chun na cionta sin a chosc agus pianbhreith a ghearradh. Go háirithe, is féidir leis an nganntanas acmhainní bac a chur ar na húdaráis aon ghníomhaíocht a dhéanamh nó teorainn a chur lena ngníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin, lena gceadaítear do chiontóirí dliteanas a sheachaint nó go ngearrfaí pianbhreith orthu nach bhfreagraíonn do thromchúis an chiona choiriúil. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh líon leordhóthanach ball foirne cáilithe agus acmhainní leordhóthanacha airgeadais, teicniúla agus teicneolaíocha ag údaráis náisiúnta a dhéanann cionta coiriúla a bhaineann le hairm tine a bhrath, a imscrúdú, a ionchúiseamh nó breithniú a dhéanamh orthu chun a bhfeidhmeanna a bhaineann le cur chun feidhme na Treorach seo a fheidhmiú go héifeachtach. Ba cheart dóibh leibhéal leordhóthanach speisialtóireachta a áirithiú do na húdaráis sin freisin i réimse na gcionta coiriúla a bhaineann le hairm thine, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit íoschritéir a bhunú maidir le hacmhainní agus cumhachtaí forfheidhmiúcháin. Sa chomhthéacs sin, ba cheart traidisiúin bhunreachtúla agus struchtúr chóras dlí na mBallstát a chur san áireamh, chomh maith le himthosca náisiúnta eile.

cruthaítear bacainní chun na cionta sin a chosc agus pianbhreith a ghearradh. Go háirithe, is féidir leis an nganntanas acmhainní bac a chur ar na húdaráis aon ghníomhaíocht a dhéanamh nó teorainn a chur lena ngníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin, lena gceadaítear do chiontóirí dliteanas a sheachaint nó go ngearrfaí pianbhreith orthu nach bhfreagraíonn do thromchúis an chiona choiriúil. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh líon leordhóthanach ball foirne cáilithe agus acmhainní leordhóthanacha airgeadais, teicniúla agus teicneolaíocha ag údaráis náisiúnta a dhéanann cionta coiriúla a bhaineann le hairm tine a bhrath, a imscrúdú, a ionchúiseamh nó breithniú a dhéanamh orthu chun a bhfeidhmeanna a bhaineann le cur chun feidhme na Treorach seo a fheidhmiú go héifeachtach. Ba cheart dóibh leibhéal leordhóthanach speisialtóireachta a áirithiú do na húdaráis sin freisin i réimse na gcionta coiriúla a bhaineann le hairm thine, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta ***agus trí úsáid a bhaint as cláir oiliúna arna gcistiú ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear an oiliúint arna soláthar ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL) faoi Rialachán (AE) 2015/2219 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a]***. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit íoschritéir a bhunú maidir le hacmhainní agus cumhachtaí forfheidhmiúcháin. Sa chomhthéacs sin, ba cheart traidisiúin bhunreachtúla agus struchtúr chóras dlí na mBallstát a chur san áireamh, chomh maith le himthosca náisiúnta eile.

[1a] Rialachán (AE) 2015/2219 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL), agus a ghabhann ionad

Chinneadh 2005/681/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear an cinneadh sin (IO L 319, 4.12.2015, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/2219/oj).

Or. en

Leasú 23

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 35

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(35) Is uirlis riachtanach don chomhar trasteorann é Pointí Fócasacha Náisiúnta Arm Tine a bhunú nó a ainmniú mar a aithnítear in ionstraimí beartais. Dá bhrí sin, ba cheart do gach Ballstát Pointe Fócasach Náisiúnta Arm Tine den sórt sin a bhunú a mbeadh freagrachtaí comhchosúla de chúram air. Is é an phríomhaidhm cur chuige cuimsitheach a chur ar fáil maidir le rialú lárnach arm tine. Ba cheart é sin a dhéanamh ar leibhéal straitéiseach agus oibríochtúil trí fhaisnéis a bhailiú, a anailísiú agus a chomhroinnt ar bhealach comhordaithe ***chun*** feabhas a chur ar an eolas faoi na bagairtí, agus ***chun*** gníomhaireachtaí náisiúnta forfheidhmithe dlí a chur ar an eolas ar bhealach níos fearr. Is féidir gurb é an Pointe Fócasach Náisiúnta Arm Tine comhlacht náisiúnta an phointe teagmhála aonair dá dtagraítear in Airteagal 13 de Phrótacal Arm Tine na Náisiún Aontaithe.	(35) Is uirlis riachtanach don chomhar trasteorann é Pointí Fócasacha Náisiúnta Arm Tine a bhunú nó a ainmniú mar a aithnítear in ionstraimí beartais. Dá bhrí sin, ba cheart do gach Ballstát Pointe Fócasach Náisiúnta Arm Tine den sórt sin a bhunú a mbeadh freagrachtaí comhchosúla de chúram air. Is é an phríomhaidhm cur chuige cuimsitheach a chur ar fáil maidir le rialú lárnach arm tine. Ba cheart é sin a dhéanamh ar leibhéal straitéiseach agus oibríochtúil trí fhaisnéis a bhailiú, a anailísiú agus a chomhroinnt ar bhealach comhordaithe ***agus trí shaineolas teicniúil agus anailís a fhorbairt a bheidh in ann*** feabhas a chur ar an eolas faoi na bagairtí, agus gníomhaireachtaí náisiúnta forfheidhmithe dlí a chur ar an eolas ar bhealach níos fearr***, go háirithe chun tacú le himscrúduithe***. Is féidir gurb é an Pointe Fócasach Náisiúnta Arm Tine comhlacht náisiúnta an phointe teagmhála aonair dá dtagraítear in Airteagal 13 de Phrótacal Arm Tine na Náisiún Aontaithe. ***Ba cheart do na Pointí Fócais Náisiúnta Arm Tine sin gníomhú mar phointí iontrála do ghníomhaireachtaí agus comhlachtaí ábhartha an Aontais, go háirithe Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) arna bunú le Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus***

ón gComhairle[1a], Eurojust agus CEPOL, agus gníomhaíochtaí á ndéanamh acu i réimse chomhrac na n-arm tine aindleathach, agus i gcomhréir lena sainorduithe faoi seach faoi Rialacháin (AE) 2016/794, (AE) 2018/1727 agus (AE) 2015/2219.

[1a] Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol), agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle agus a ghabhann ionad na gCinntí sin (IO L 135, 24.5.2016, lch. 53, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/794/oj).

Or. en

Leasú 24

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 36

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(36) Mar gheall ar chineál trasteorann na gáinneála ar airm thine agus cionta coiriúla eile a bhaineann le hairm thine, tá gá le freagairt agus comhar láidir comhordaithe laistigh de na Ballstáit agus eatarthu, agus le gníomhaireachtaí agus comhlachtaí ábhartha an Aontais agus ina measc, chun gáinneáil ar airm thine a chomhrac, lena n-áirítear Eurojust, ***Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (***Europol***) arna bunú le Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10],*** agus Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, laistigh dá n-inniúlachtaí ábhartha agus i gcomhréir	(36) Mar gheall ar chineál trasteorann na gáinneála ar airm thine agus cionta coiriúla eile a bhaineann le hairm thine, tá gá le freagairt agus comhar láidir comhordaithe laistigh de na Ballstáit agus eatarthu, agus le gníomhaireachtaí agus comhlachtaí ábhartha an Aontais agus ina measc, chun gáinneáil ar airm thine a chomhrac, lena n-áirítear Eurojust, Europol agus Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, laistigh dá n-inniúlachtaí ábhartha agus i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil is infheidhme, agus le tíortha comharsanachta, go háirithe comhpháirtithe an mhéadaithe. Chun na críche sin, ba cheart úsáid éifeachtúil a bhaint as na huirlisí agus na hacmhainní

leis an gcreat dlíthiúil is infheidhme, agus le tíortha comharsanachta, go háirithe comhpháirtithe an mhéadaithe. Chun na críche sin, ba cheart úsáid éifeachtúil a bhaint as na huirlisí agus na hacmhainní comhair atá ar fáil, amhail na foirne comhpháirteacha um imscrúdú agus cruinnithe comhordúcháin arna gcur ar siúl ag Eurojust. Mar gheall ar chineál domhanda na gáinneála ar airm thine agus cionta coiriúla eile a bhaineann le hairm thine, tá gá le freagra idirnáisiúnta***, lena gceanglaítear ar an*** Aontas agus ***ar a*** Bhallstáit an comhar le tríú tíortha ábhartha a neartú. Caithfear freagairt láidir chomhordaithe agus comhar a bheith ann freisin d'fhonn fianaise leictreonach a áirithiú agus a fháil.

comhair atá ar fáil, amhail na foirne comhpháirteacha um imscrúdú agus cruinnithe comhordúcháin arna gcur ar siúl ag Eurojust ***agus Europol***. Mar gheall ar chineál domhanda na gáinneála ar airm thine agus cionta coiriúla eile a bhaineann le hairm thine, tá gá le freagra idirnáisiúnta***. Tá sé ríthábhachtach go rachadh na Ballstáit i dteagmháil go réamhghníomhach le Europol trí fhaisnéis a chomhroinnt maidir le cásanna, bealaí soláthair agus líonraí coiriúla chun léargas cuimsitheach faisnéise ar an mbagairt a fhorbairt. Tá sé ríthábhachtach freisin don*** Aontas agus ***dá*** Bhallstáit an comhar le tríú tíortha ábhartha a neartú. Caithfear freagairt láidir chomhordaithe agus comhar a bheith ann freisin d'fhonn fianaise leictreonach a áirithiú agus a fháil.

---

[10] [(10)]Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol), agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle agus a ghabhann ionad na gCinntí sin (IO L 135, 24.5.2016, lgh. 53-114, http://data.europa.eu/eli/reg/2016/794/oj)

Or. en

Leasú 25

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 37

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(37) Níor cheart do na Ballstáit coiriúlú a dhéanamh ach amháin ar chruthú, fáil, sealbhú agus comhroinnt neamhúdaraithe	(37) Níor cheart do na Ballstáit coiriúlú a dhéanamh ach amháin ar chruthú, fáil, sealbhú agus comhroinnt neamhúdaraithe

treoirphleananna atá ceaptha chun airm thine bheo-bhreoslaithe, comhpháirteanna bunriachtanacha nó armlón a mhonarú. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh údaruithe tiomnaithe a chruthú do dhuine nádúrtha agus/nó dlítheanach chun dul i ngleic leis na treoirphleananna sin ar bhealach dlíthiúil. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin chun go mbeidh institiúidí taighde agus tionscal na n-arm tine in ann modhanna táirgthe monaraithe shuimithigh a fhorbairt a thuilleadh. Féadfaidh na Ballstáit oibriú i gcomhar le chéile chun tástáil chomhpháirteach a dhéanamh ar threoirphleananna agus aitheantas frithpháirteach thorthaí na dtástálacha sin a éascú.	treoirphleananna atá ceaptha chun airm thine bheo-bhreoslaithe, comhpháirteanna bunriachtanacha nó armlón a mhonarú. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh údaruithe tiomnaithe a chruthú do dhuine nádúrtha agus/nó dlítheanach chun dul i ngleic leis na treoirphleananna sin ar bhealach dlíthiúil. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin chun go mbeidh institiúidí taighde agus tionscal na n-arm tine in ann modhanna táirgthe monaraithe shuimithigh a fhorbairt a thuilleadh. ***Ba cheart do ghairmithe ábhartha, lena n-áirítear iriseoirí agus taighdeoirí, a bheith in ann na húdaruithe sin a fháil freisin, faoi réir measúnú cás ar chás arna dhéanamh ag na húdaráis náisiúnta inniúla i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.*** Féadfaidh na Ballstáit oibriú i gcomhar le chéile chun tástáil chomhpháirteach a dhéanamh ar threoirphleananna agus aitheantas frithpháirteach thorthaí na dtástálacha sin a éascú. Or. en

Leasú 26

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 37 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(37a) Tá fianaise leictreonach ag éirí níos ábhartha chun cionta a chumhdaítear leis an Treoir seo a imscrúdú agus a ionchúiseamh. Féadfar a áireamh ar an bhfianaise sin sonraí cumarsáide, taifid idirbheartaíochta, sonraí margaidh ar líne, agus comhaid dhigiteacha a bhaineann le hairm thine, comhpháirteanna bunriachtanacha agus armlón a mhonarú, a thiontú, a fháil nó a gháinneáil, lena n-áirítear treoirphleananna teicniúla agus comhaid deartha ríomhchuidithe. In imscrúduithe trasteorann lena mbaineann fianaise

leictreonach a stóráiltear nó a phróiseáiltear i mBallstáit eile, ba cheart d'údaráis inniúla lánúsáid a bhaint as na hionstraimí dá bhforáiltear faoi dhlí an Aontais, agus comhordú á éascú ag Eurojust, laistigh dá shainordú, i ndáil le húsáid Orduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus Orduithe Caomhnaithe Eorpacha.

Or. en

Leasú 27

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 37 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(37b) Ba cheart an comhrac i gcoinne gníomhaíochtaí coiriúla a bhaineann le hairm thine a leathnú chuig an réimse ar líne, lena n-áirítear trí dhul i ngleic le treoirphleananna a chur ar fáil don phobal, trí ghríosú chun aon cheann den iompar coiriúil a chumhdaítear leis an Treoir seo a dhéanamh nó trí mhionaoisigh a earcú ar líne. Níor cheart go ndéanfadh iarrachtaí na mBallstát cúrsaíocht treoirphleananna a laghdú, lena n-áirítear trí chomhoibriú le tríú tíortha faoin Treoir seo, dochar do Rialachán (AE) 2021/784[1a] agus do Rialachán (AE) 2022/2065[1b] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Ba cheart ábhar ar líne arb éard atá ann cionta coiriúla dá dtagraítear sa Treoir seo nó a éascaíonn na cionta sin a bheith faoi réir beart de bhun Rialachán (AE) 2021/784 agus Rialachán (AE) 2022/2065 a mhéid a bhaineann le hábhar neamhdhleathach. Go háirithe, ceanglaítear le Rialachán (AE) 2022/2065 ar ardáin íoslaghdú a dhéanamh ar na rioscaí go nochtfaí úsáideoirí, lena n-áirítear leanaí agus daoine óga, d'ábhar neamhdhleathach

agus díobhálach ar líne, agus leagtar síos le Rialachán (AE) 2021/7842 rialacha aonfhoirmeacha chun aghaidh a thabhairt ar mhí-úsáid seirbhísí óstála chun ábhar sceimhlitheoireachta ar líne a chur ar fáil don phobal.

[1a] Rialachán (AE) 2021/784 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 maidir le haghaidh a thabhairt ar scaipeadh ábhair sceimhlitheoireachta ar líne (IO L 172, 17.5.2021, lch. 79, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/784/oj).

[1b] Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) (IO L 277, 27.10.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2065/oj).

Or. en

Leasú 28

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 37 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(37c) Is cineál sonrach inneachair iad treoirphleananna nach féidir a fhorléiriú mar léiriú tuairime ach, ina choinne sin, cuireann siad ar chumas úsáideoirí a bhfuil rún coiriúil acu airm thine aindleathacha a mhonarú. Chun gníomhaíochtaí den sórt sin a chomhrac, agus chun coir a dhéanamh as uaslódáil, íoslódáil nó comhroinnt ábhair den sórt sin ar shuíomh gréasáin a bhfuil rochtain ag an bpobal air, is gá cúrsaíocht

treoirphleananna a laghdú trína áirithiú go mbainfear iad. D'fhonn tacú le hiarrachtaí an Aontais an gháinneáil ar airm thine a chomhrac, ba cheart do na Ballstáit a ndícheall a dhéanamh comhoibriú le tríú tíortha chun a áirithiú go mbainfear an t-ábhar sin de fhreastalaithe atá lonnaithe laistigh de chríoch na dtríú tíortha sin.

Or. en

Leasú 29

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 37 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(37d) Is minic nach féidir treoirphleananna a bhaint ag an bhfoinse nuair atá na bunábhair lonnaithe lasmuigh den Aontas, toisc nach bhfuil an tríú tír ina bhfuil na freastalaithe á n-óstáil toilteanach comhoibriú nó toisc go bhfuil sé an-fhada an t-ábhar a bhaint ón tríú tír lena mbaineann. Is féidir sásraí a chur i bhfeidhm freisin chun bac a chur ar rochtain ó chríoch an Aontais ar leathanaigh idirlín a shainaithnítear mar threoirphleananna a chur ar fáil don phobal. Maidir leis na bearta a dhéanann na Ballstáit i gcomhréir leis an Treoir seo chun suíomhanna gréasáin a bhfuil treoirphleananna orthu a bhaint anuas nó, i gcás inarb iomchuí, a bhlocáil, féadfar na bearta sin a bhunú ar fhoirmeacha éagsúla gníomhaíochta poiblí, amhail gníomhaíochta reachtacha, neamh-reachtach, breithiúnacha nó bearta eile. Sa chomhthéacs sin, ba cheart an Treoir seo a bheith gan dochar don ghníomhaíocht dheonach a dhéanann tionscal an idirlín chun mí-úsáid a chuid seirbhísí a chosc agus gan dochar d'aon tacaíocht a thugann na Ballstáit don ghníomhaíocht sin. Cibé bonn don

	ghníomhaíocht nó cibé modh a roghnófar, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go soláthraíonn sé leibhéal leordhóthanach deimhneachta dlíthiúla agus intuarthachta dlíthiúla d'úsáideoirí agus do sholáthraithe seirbhíse. Chun treoirphleananna a bhaint agus a bhlocáil araon, ba cheart comhar idir údaráis phoiblí a bhunú agus a neartú, go háirithe d'fhonn a áirithiú go mbeidh liostaí náisiúnta de shuíomhanna gréasáin ina bhfuil treoirphleananna chomh hiomlán agus is féidir agus d'fhonn dúbláil oibre a sheachaint. Leis na forbairtí sin, ba cheart cearta na n-úsáideoirí deiridh a chur san áireamh agus ba cheart nósanna imeachta dlíthiúla agus breithiúnacha atá ann cheana, mar aon leis an gCoinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha agus an Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an 'Chairt") a chomhlíonadh.
	Or. en

Leasú 30

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 40

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(40) Chun léargas cuimsitheach a fhorbairt ar an mbagairt a bhaineann le cionta coiriúla a bhaineann le hairm thine agus chun ceapadh beartais a threorú go tráthúil, ba cheart do na Ballstáit sonraí staidrimh maidir leis na cionta sin a tharchur chuig an gCoimisiún ***6 bliana*** tar éis trasuí, agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin.	(40) Chun léargas cuimsitheach a fhorbairt ar an mbagairt a bhaineann le cionta coiriúla a bhaineann le hairm thine agus chun ceapadh beartais a threorú go tráthúil, ba cheart do na Ballstáit sonraí staidrimh maidir leis na cionta sin a tharchur chuig an gCoimisiún ***2 bhliain*** tar éis trasuí, agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin.
	Or. en

Leasú 31

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 41

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(41) Ba cheart sonraí maidir le hurghabhálacha arm tine a bheith ar fáil i stór de chuid an Aontais chun comhar idir na Ballstáit a éascú, go háirithe imscrúduithe, ionchúisimh agus ciontuithe trasteorann cionta a bhaineann le hairm thine.	(41) Ba cheart sonraí maidir le hurghabhálacha arm tine a bheith ar fáil i stór de chuid an Aontais chun comhar idir na Ballstáit a éascú, go háirithe imscrúduithe, ionchúisimh agus ciontuithe trasteorann cionta a bhaineann le hairm thine. ***Chun aghaidh a thabhairt ar scaipeadh tapa arm tine aindleathach agus chun éifeachtúlacht an chomhair trasteorann póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh a mhéadú, ba cheart do na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú go ndéanfar sonraí maidir le hairm thine urghafa a iontráil sa stór a luaithe is féidir tar éis na hurghabhála, agus in aon chás tráth nach déanaí ná 48 n-uair an chloig tar éis na hurghabhála sin. Ba cheart na sonraí sin a chomhroinnt le Europol láithreach tríd an stór coiteann agus, ar a dhéanaí, ar bhonn seachtainiúil.***

Or. en

Leasú 32

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 42 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(42a) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme na Treorach seo maidir le bunú bunachar sonraí ina bhfuil treoirphleananna aitheanta agus tástáilte, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó

Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a].

_____

[1a]Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj).

Or. en

Leasú 33

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1– mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Leis an Treoir seo, bunaítear rialacha íosta maidir le cionta coiriúla agus pionóis a shainiú i réimse na n-arm tine, chomh maith le bearta chun feabhas a chur ar an gcomhar trasteorann agus rialacha maidir le tacar sonraí íosta a bhunú i ndáil le hurghabhálacha arm tine.	***Gan dochar do Threoir (AE) 2021/555 agus do Rialachán (AE) 2025/41,*** leis an Treoir seo, bunaítear rialacha íosta maidir le cionta coiriúla agus pionóis a shainiú ***i gcás iompar coiriúil*** i réimse na n-arm tine, chomh maith le bearta chun feabhas a chur ar an gcomhar trasteorann agus rialacha maidir le tacar sonraí íosta a bhunú i ndáil le hurghabhálacha arm tine.

Or. en

Leasú 34

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. ciallaíonn 'scaipeadh' cur ar fáil don phobal;	***scriosta***

Or. en

Leasú 35

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	6a. ciallaíonn 'timpeallacht choiriúil' timpeallacht ina bhfuil forais réasúnacha le bheith in amhras go bhféadfaí arm tine a úsáid chun críoch coiriúil;

Or. en

Leasú 36

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 6 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	6b. ciallaíonn 'monarú aindleathach' monarú nó cóimeáil arm tine, a gcomhpháirteanna bunriachtanacha nó armlóin a dhéantar in aon cheann de na himthosca seo a leanas:
	(a) ó aon chomhpháirt bhunriachtanach d'airm thine den sórt sin a ndéantar gáinneáil aindleathach orthu;
	(b) gan údarú arna eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 4 de Threoir (AE) 2021/555 ag údarás inniúil de chuid an Bhallstáit ina ndéantar an monarú nó an chóimeáil; nó
	(c) gan airm thine agus comhpháirteanna bunriachtanacha a mharcáil tráth an mhonaraithe i gcomhréir le hAirteagal 4 de Threoir (AE) 2021/555;

Or. en

Leasú 37

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 6 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	6c. ciallaíonn 'trádáil aindleathach' allmhairiú, onnmhairiú, fáil, díolachán, seachadadh, gluaiseacht nó aistriú arm tine, comhpháirteanna bunriachtanacha nó armlóin i gcríoch Ballstáit, ó chríoch Ballstáit amháin, nó tríú tír, nó trasna críche Ballstáit amháin, nó tríú tír, chuig críoch Ballstáit eile nó tríú tír, a dhéantar faoi aon cheann de na himthosca seo a leanas:
	(a) níl sé údaraithe ag aon cheann de na Ballstáit nó na tríú tíortha lena mbaineann i gcomhréir le Treoir (AE) 2021/555, Rialachán (AE) 2025/41, Prótacal Arm Tine na Náisiún Aontaithe nó na dlíthe náisiúnta is infheidhme; nó
	(b) níl na hairm thine ná na comhpháirteanna bunriachtanacha marcáilte i gcomhréir le hAirteagal 4 de Threoir (AE) 2021/555 nó le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) 2025/41;

Or. en

Leasú 38

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 6 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	6d. ciallaíonn 'gáinneáil aindleathach' allmhairiú, onnmhairiú, fáil, díolachán, seachadadh, gluaiseacht nó aistriú arm tine, comhpháirteanna bunriachtanacha nó armlóin ó chríoch Ballstáit amháin, nó tríú tír, nó trasna críche Ballstáit amháin, nó tríú tír, chuig críoch Ballstáit eile nó tríú tír, a dhéantar

faoi aon cheann de na himthosca seo a leanas:

(a) níl sé údaraithe ag aon cheann de na Ballstáit nó na tríú tíortha lena mbaineann i gcomhréir le Treoir (AE) 2021/555, Rialachán (AE) 2025/41, Prótacal Arm Tine na Náisiún Aontaithe nó na dlíthe náisiúnta is infheidhme; nó

(b) níl na hairm thine, na comhpháirteanna bunriachtanacha ná an t-armlón marcáilte i gcomhréir le hAirteagal 4 de Threoir (AE) 2021/555 nó le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) 2025/41.

Or. en

Leasú 39

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 3 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) monarú nó cóimeáil ***arm tine, a gcomhpháirteanna*** bunriachtanacha ***nó armlóin a dhéantar in aon cheann de na himthosca seo a leanas:***	(a) monarú nó cóimeáil ***aindleathach na nithe seo a leanas:***
(i) ó aon chomhpháirt bhunriachtanach d'airm thine den sórt sin a ndéantar gáinneáil aindleathach orthu; nó	***(i) airm thine, nó comhpháirteanna*** bunriachtanacha; ***nó***
(ii) gan údarú arna eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 4 de Threoir (AE) 2021/555 ag údarás inniúil de chuid an Bhallstáit ina ndéantar an monarú nó an chóimeáil; nó	***(ii) armlón;***
(iii) gan airm thine agus comhpháirteanna bunriachtanacha a mharcáil tráth an mhonaraithe i gcomhréir le hAirteagal 4 de	

Threoir (AE) 2021/555;

Or. en

Leasú 40

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 3 – mír 1 – pointe a a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(aa) trádáil aindleathach ar na nithe seo a leanas:
	(i) airm thine nó comhpháirteanna bunriachtanacha; nó
	(ii) armlón;

Or. en

Leasú 41

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 3 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) gáinneáil ar airm thine***, is é sin allmhairiú, onnmhairiú, fáil, díolachán, seachadadh, gluaiseacht*** nó ***aistriú arm tine,*** comhpháirteanna bunriachtanacha ***nó armlóin ó chríoch Ballstáit amháin, nó tríú tír, nó trasna críche Ballstáit amháin, nó tríú tír, chuig críoch Ballstáit eile nó tríú tír, a dhéantar faoi aon cheann de na himthosca seo a leanas:***	(b) gáinneáil ***aindleathach*** ar ***na nithe seo a leanas:***
	(i) airm thine, nó comhpháirteanna bunriachtanacha; ***nó***
	(ii) armlón;
(i) níl sé údaraithe ag aon cheann de na Ballstáit nó na tríú tíortha lena mbaineann i gcomhréir le Treoir (AE) 2021/555, Rialachán (AE) 2025/41, Prótacal Arm Tine na Náisiún Aontaithe	

nó na dlíthe náisiúnta is infheidhme; nó

(ii) níl na hairm thine, na comhpháirteanna bunriachtanacha ná an t-armlón marcáilte i gcomhréir le hAirteagal 4 de Threoir (AE) 2021/555 nó le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) 2025/41;

Or. en

Leasú 42

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 3 – mír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) ***seilbh arm tine,*** a gcomhpháirteanna bunriachtanacha ***agus armlóin*** gan údarú ná dearbhú i gcomhréir le Treoir (AE) 2021/555;	(d) ***sealbhú na nithe seo a leanas:***
	(i) airm thine, nó a gcomhpháirteanna bunriachtanacha***; nó***
	(ii) armlón;
	gan údarú ná dearbhú i gcomhréir le Treoir (AE) 2021/555;

Or. en

Leasú 43

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 3 – mír 1 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) treoirphlean a chruthú, a fháil, a shealbhú nó a ***chomhroinnt*** gan údarú;	(e) treoirphlean a chruthú, a fháil, a shealbhú nó a ***chur ar fáil do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha neamhúdaraithe*** gan údarú ***nó gan cheart***;

Or. en

Leasú 44

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 3 – mír 1 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(f) treoirphleananna a ***scaipeadh i gcás inarb eol go bhféadfar na treoirphleananna a úsáid chun aon cheann de na cionta dá dtagraítear i bpointí (a), (b), (d) agus (e) a dhéanamh***.	(f) treoirphleananna a ***chur ar fáil don phobal***.

Or. en

Leasú 45

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 3 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1a. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh nach mbeidh feidhm ag mír 1, pointe (d)(ii) maidir le cásanna nach bhfuil tromchúiseach a bhaineann le seilbh neamhúdaraithe armlóin.

Or. en

Leasú 46

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 5 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go bhféadfar pionóis choiriúla atá éifeachtach comhréireach athchomhairleach a fhorchur i leith ***cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4***.	1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú***, i gcás ina ndéanann duine nádúrtha cion dá dtagraítear in Airteagail 3 go 4,*** go bhféadfar pionóis choiriúla atá éifeachtach comhréireach athchomhairleach a fhorchur i leith ***an***

chiona choiriúil.

Or. en

Leasú 47

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 5 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. ***Déanfaidh*** na Ballstáit ***na bearta is gá chun*** an méid seo a leanas ***a áirithiú***:	2. ***Áiritheoidh*** na Ballstáit an méid seo a leanas:

Or. en

Leasú 48

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 5 – mír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) go bhféadfar ***uastéarma*** príosúnachta 8 mbliana ar a laghad a fhorchur i leith na gcionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointí ***(a) agus (b)***;	(a) go bhféadfar ***pionós uasta*** príosúnachta 8 mbliana ar a laghad a fhorchur i leith na gcionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointí ***(a)(i), (aa)(i) agus (b)(i)***;

Or. en

Leasú 49

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 5 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) go ***mbeidh an cion coiriúil*** dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointe (c)***, inphionóis le huastéarma príosúnachta 4 bliana ar a laghad***;	(b) go ***bhféadfar pionós uasta príosúnachta 4 bliana ar a laghad a fhorchur i leith an chiona choiriúil*** dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointe (c);

Or. en

Leasú 50

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 5 – mír 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) go ***mbeidh an cion coiriúil*** dá dtagraítear in Airteagal 3(1), ***pointe (d) inphionóis le huastéarma príosúnachta 5 bliana ar a laghad***;	(c) go ***bhféadfar pionós uasta príosúnachta 5 bliana ar a laghad a fhorchur i leith na gcionta coiriúla*** dá dtagraítear in Airteagal 3(1), ***pointí (a)(ii), (aa)(ii), (b)(ii) agus (d)(i)***;

Or. en

Leasú 51

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 5 – mír 2 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) go bhféadfar ***uastéarma*** príosúnachta 2 bhliain ar a laghad a fhorchur i leith na gcionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointí (e) agus (f).	(d) go bhféadfar ***pionós uasta*** príosúnachta 2 bhliain ar a laghad a fhorchur i leith na gcionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointí ***(d)(ii),*** (e) agus (f).

Or. en

Leasú 52

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 5 – mír 3 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh daoine nádúrtha a bhfuil ***na*** cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4 déanta acu a bheith faoi réir pionóis choiriúla nó neamhchoiriúla nó	3. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh daoine nádúrtha a bhfuil cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4 déanta acu a bheith faoi réir pionóis choiriúla nó neamhchoiriúla nó bearta

bearta coiriúla nó neamhchoiriúla gabhálacha, lena n-áirítear an méid seo a leanas:	coiriúla nó neamhchoiriúla gabhálacha, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

Or. en

Leasú 53

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 5 – mír 3 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) cosc sealadach ar sheasamh i dtoghchán d'oifig phoiblí;	***scriosta***

Or. en

Leasú 54

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 5 – mír 3 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(f) i gcás ina bhfuil leas an phobail ann, tar éis measúnú cás ar chás a dhéanamh, foilsiú an chinnidh bhreithiúnaigh ina iomláine, nó cuid de, ar cinneadh é a bhaineann leis an gcion coiriúil a rinneadh agus na pionóis nó na bearta a forchuireadh, a bhféadfadh sonraí pearsanta daoine ciontaithe a bheith ar áireamh ann i gcásanna eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo amháin.	***scriosta***

Or. en

Leasú 55

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 5 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3a. Féadfaidh na Ballstáit a áirithiú go bhféadfaidh daoine nádúrtha a bhfuil cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4 déanta acu a bheith faoi réir pionóis choiriúla nó neamhchoiriúla nó bearta coiriúla nó neamhchoiriúla gabhálacha maidir le cosc sealadach ar sheasamh i dtoghchán d'oifig phoiblí.

Or. en

Leasú 56

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 6 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfar daoine dlítheanacha a chur faoi dhliteanas i leith na gcionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4 i gcás ina ndearna duine a bhfuil post ceannaireachta aige ***ann ('an príomhdhuine')*** na cionta coiriúla chun tairbhe na ndaoine dlítheanacha sin agus a ghníomhaíonn ina aonar nó mar chuid d'orgán de chuid an duine dhlítheanaigh sin ar bhonn aon cheann díobh seo a leanas:	1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfar daoine dlítheanacha a chur faoi dhliteanas i leith na gcionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4, i gcás ina ndearna duine ***nádúrtha,*** a bhfuil post ceannaireachta aige ***laistigh den duine dlítheanach sin,*** na cionta coiriúla chun tairbhe na ndaoine dlítheanacha sin agus a ghníomhaíonn ina aonar nó mar chuid d'orgán de chuid an duine dhlítheanaigh sin ar bhonn aon cheann díobh seo a leanas ***('an príomhdhuine')***:

Or. en

Leasú 57

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 6 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Áiritheoidh na Ballstáit go	2. Áiritheoidh na Ballstáit go

bhféadfar daoine dlítheanacha a chur faoi dhliteanas i leith cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4 i gcás inar féidir le duine atá faoina n-údarás, mar thoradh ar easpa maoirseachta nó rialaithe ag príomhdhuine, cion coiriúil dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4 a dhéanamh chun tairbhe an duine sin, tríú duine, nó an duine dhlítheanaigh sin.	bhféadfar daoine dlítheanacha a chur faoi dhliteanas i leith cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4 i gcás inar féidir le duine ***nádúrtha*** atá faoina n-údarás, mar thoradh ar easpa maoirseachta nó rialaithe ag príomhdhuine, cion coiriúil dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4 a dhéanamh chun tairbhe an duine ***nádúrtha*** sin, tríú duine, nó an duine dhlítheanaigh sin.

Or. en

Leasú 58

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 7 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. ***Féadfar a áireamh*** ar phionóis choiriúla nó neamhchoiriúla nó ar bhearta coiriúla nó neamhchoiriúla atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach fíneálacha coiriúla nó neamhchoiriúla agus ***áireofar*** orthu pionóis choiriúla nó neamhchoiriúla nó bearta coiriúla nó neamhchoiriúla coimhdeacha, amhail an méid seo a leanas:	2. ***Áireofar*** ar phionóis choiriúla nó neamhchoiriúla nó ar bhearta coiriúla nó neamhchoiriúla atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach fíneálacha coiriúla nó neamhchoiriúla agus ***féadfar a áireamh*** orthu pionóis choiriúla nó neamhchoiriúla nó bearta coiriúla nó neamhchoiriúla coimhdeacha, amhail an méid seo a leanas:

Or. en

Leasú 59

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 7 – mír 2 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) ceadanna agus údaruithe chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí a tharraingt siar, arb é an cion an toradh a bhí orthu;	(d) ceadanna agus údaruithe chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí a tharraing siar, arb é an cion ***coiriúil ábhartha*** an toradh a bhí orthu;

Or. en

Leasú 60

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 7 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina gcuirtear duine dlítheanach faoi dhliteanas de bhun Airteagal 6 i leith na gcionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3, go bhféadfar fíneálacha coiriúla nó neamhchoiriúla a ghearradh ar an gcion coiriúil. Beidh méid na bhfíneálacha sin comhréireach le tromchúis an ***ghnímh*** agus le himthosca aonair agus airgeadais agus le himthosca eile an duine dhlítheanaigh.	3. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina gcuirtear duine dlítheanach faoi dhliteanas de bhun Airteagal 6 i leith na gcionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3, go bhféadfar fíneálacha coiriúla nó neamhchoiriúla a ghearradh ar an gcion coiriúil. Beidh méid na bhfíneálacha sin comhréireach le tromchúis an ***iompair*** agus le himthosca aonair agus airgeadais agus le himthosca eile an duine dhlítheanaigh.

Or. en

Leasú 61

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 7 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Áiritheoidh na Ballstáit***, i gcás cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointí (a) agus (b),*** nach lú an t-uasleibhéal fíneálacha ***dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo*** ná ceann amháin de na méideanna seo a leanas, cibé acu is airde:	4. Áiritheoidh na Ballstáit nach lú an t-uasleibhéal fíneálacha ***sin*** ná ceann amháin de na méideanna seo a leanas, cibé acu is airde:
	(a) i leith cionta coiriúla a chumhdaítear le hAirteagal 3(1), pointí (a)(i), (aa)(i), (b)(i) agus (d)(i):
(a) 20 % de láimhdeachas domhanda iomlán an duine dhlítheanaigh, sa bhliain ghnó roimh an mbliain ina ndearnadh an cion coiriúil, nó sa bhliain ghnó roimh an mbliain ina ndearnadh an cinneadh chun an fhíneáil a ghearradh;	***(i)*** 20 % de láimhdeachas domhanda iomlán an duine dhlítheanaigh, sa bhliain ghnó roimh an mbliain ina ndearnadh an cion coiriúil, nó sa bhliain ghnó roimh an mbliain ina ndearnadh an cinneadh chun an fhíneáil a ghearradh;
(b) méid a chomhfhreagraíonn do	***(ii)*** méid a chomhfhreagraíonn do

EUR 10 milliún;	EUR 10 milliún;
	(b) i leith cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointí (a)(ii), (aa)(ii), b(ii), (c), (d)(ii), (e) agus (f):
	(i) 10 % de láimhdeachas domhanda iomlán an duine dhlítheanaigh, sa bhliain ghnó roimh an mbliain ina ndearnadh an cion coiriúil, nó sa bhliain ghnó roimh an mbliain ina ndearnadh an cinneadh chun an fhíneáil a ghearradh;
	(ii) méid a chomhfhreagraíonn do EUR 5 milliún.
	Or. en

Leasú 62

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 7 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointí (c) go (f), nach lú an t-uasleibhéal fíneálacha dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo ná ceann amháin de na méideanna seo a leanas, cibé acu is airde:	***scriosta***
(a) 10 % de láimhdeachas domhanda iomlán an duine dhlítheanaigh, sa bhliain ghnó roimh an mbliain ina ndearnadh an cion coiriúil, nó sa bhliain ghnó roimh an mbliain ina ndearnadh an cinneadh chun an fhíneáil a ghearradh;	
(b) méid a chomhfhreagraíonn do EUR 5 milliún.	
	Or. en

Leasú 63

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 8 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
A mhéid nach bhfuil na himthosca seo a leanas mar chuid de na gnéithe a chomhdhéanann na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú, i ndáil leis na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3, go ***bhféadfar ceann amháin nó níos mó de*** na himthosca seo a leanas**,** a mheas mar imthoisc ghéaraitheach:	A mhéid nach bhfuil na himthosca seo a leanas mar chuid de na gnéithe a chomhdhéanann na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú, i ndáil leis na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3, go ***ndéanfar*** na himthosca seo a leanas a mheas mar imthoisc ghéaraitheach:

Or. en

Leasú 64

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 8 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) tá ***10 n-arm tine nó*** níos mó i gceist leis an gcion coiriúil;	(a) tá níos mó ***ná arm tine amháin*** i gceist leis an gcion coiriúil;

Or. en

Leasú 65

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 8 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) baineann an cion coiriúil le hairm thine de Chatagóir A, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2021/555;	(b) baineann an cion coiriúil le hairm thine de Chatagóir A ***nó de Chatagóir B***, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2021/555;

Or. en

Leasú 66

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 8 – mír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) rinneadh an cion coiriúil faoi chuimsiú eagraíocht choiriúil mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe 1, de Chinneadh Réime 2008/841/CGB ón gComhairle;	(d) rinneadh an cion coiriúil faoi chuimsiú ***timpeallacht choiriúil, lena n-áirítear*** eagraíocht choiriúil mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe 1, de Chinneadh Réime 2008/841/CGB ón gComhairle;

Or. en

Leasú 67

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 8 – mír 1 – pointe d a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(da) iompraíodh an t-arm tine in áit phoiblí, in áit eile ina mbailíonn an pobal le chéile de ghnáth, nó laistigh d'fheithicil in áit den sórt sin;

Or. en

Leasú 68

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 8 – mír 1 – pointe j a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ja) atreoraíodh nó gur goideadh na hairm thine ó stoc údaraithe nó dlíthiúil ar le duine dlítheanach, comhlacht poiblí nó údarás poiblí é nó ar cuireadh faoi fhreagracht duine dhlítheanaigh, comhlachta phoiblí nó údaráis phoiblí é;

Or. en

Leasú 69

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 8 – mír 1 – pointe j b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(jb) rinneadh an cion coiriúil trí bhaint a bheith ag mionaoisigh leis.

Or. en

Leasú 70

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 10 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh uirlisí imscrúdaitheacha éifeachtacha comhréireacha***, lena n-áirítear na cinn sin a úsáidtear le haghaidh coireacht eagraithe nó cásanna eile coireachta tromchúisí,*** ar fáil ***do dhaoine, d'aonaid nó do sheirbhísí a bheidh freagrach as*** na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4 a imscrúdú nó a ionchúiseamh.	***Déanfaidh*** na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh uirlisí imscrúdaitheacha éifeachtacha comhréireacha ar fáil ***chun*** na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4 a imscrúdú nó a ionchúiseamh. ***I gcás inarb iomchuí, áireofar sna huirlisí sin uirlisí imscrúdaitheacha speisialta, amhail na huirlisí sin a úsáidtear le linn coireacht eagraithe a chomhrac nó i gcásanna eile coireachta tromchúisí.***

Or. en

Leasú 71

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 11 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Glacfaidh na Ballstáit, laistigh dá gcórais	Glacfaidh na Ballstáit, laistigh dá gcórais

dlí náisiúnta, na bearta is gá chun ***cosc a chur ar airm*** thine, comhpháirteanna bunriachtanacha agus ***armlón arna monarú agus arna ngáinneáil go haindleathach agus*** arna n-urghabháil ***agus arna gcoigistiú*** ag a n-údaráis ***a bheith i lámha daoine neamhúdaraithe, lena n-áirítear bearta chun na hairm thine, na comhpháirteanna bunriachtanacha agus an t-armlón sin*** a scriosadh. Féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh maidir le bealaí eile diúscartha, ar choinníoll gur marcáladh na hairm thine nó na comhpháirteanna bunriachtanacha agus gur taifeadadh modhanna diúscartha na n-arm tine, na gcomhpháirteanna bunriachtanacha agus an armlóin sin.	dlí náisiúnta, na bearta is gá chun ***na hairm*** thine, ***na*** comhpháirteanna bunriachtanacha agus ***an t-armlón sin*** arna n-urghabháil ag a n-údaráis***, arna dtabhairt suas nó arna bhfáil ag a n-údaráis ar bhealach eile*** a scriosadh. Féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh maidir le bealaí eile diúscartha, ar choinníoll gur marcáladh na hairm thine nó na comhpháirteanna bunriachtanacha agus gur taifeadadh modhanna diúscartha na n-arm tine, na gcomhpháirteanna bunriachtanacha agus an armlóin sin.
	Or. en

Leasú 72

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 12 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun foráil a dhéanamh maidir le tréimhse teorann leordhóthanach tar éis na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4 a dhéanamh, atá i gcomhréir le tromchúis na gcionta coiriúla agus lenar féidir dul i ngleic go héifeachtach le himscrúdú, ionchúiseamh, triail agus breithniú na gcionta coiriúla sin. ***Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun foráil a dhéanamh maidir le tréimhse teorann leordhóthanach tar éis ciontú deiridh i gcionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 3 & 4 lena bhféadfar na pionóis arna bhforchur a fhorfheidhmiú.***	1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun foráil a dhéanamh maidir le tréimhse teorann leordhóthanach tar éis na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4 a dhéanamh, atá i gcomhréir le tromchúis na gcionta coiriúla agus lenar féidir dul i ngleic go héifeachtach le himscrúdú, ionchúiseamh, triail agus breithniú na gcionta coiriúla sin.
	Or. en

Leasú 73

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 12 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Is mar seo a leanas a bheidh an tréimhse teorann dá dtagraítear i mír 1***, an chéad abairt, le haghaidh na gcionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3***:	2. Is mar seo a leanas a bheidh an tréimhse teorann dá dtagraítear i mír 1:

Or. en

Leasú 74

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 12 – mír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) 8 bliana ar a laghad ón tráth a dhéantar cion coiriúil ***is inphionóis le huastéarma*** príosúnachta 8 bliana ar a laghad;	(a) 8 bliana ar a laghad ón tráth a dhéantar cion coiriúil ***a bhféadfar pionós uasta*** príosúnachta 8 bliana ar a laghad ***a fhorchur ina leith***;

Or. en

Leasú 75

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 12 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) 5 bliana ar a laghad ón tráth a dhéantar cion coiriúil ***is inphionóis le huastéarma*** príosúnachta 5 bliana ar a laghad;	(b) 5 bliana ar a laghad ón tráth a dhéantar cion coiriúil ***a bhféadfar pionós uasta*** príosúnachta 5 bliana ar a laghad ***a fhorchur ina leith***;

Or. en

Leasú 76

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 12 – mír 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) 4 bliana ar a laghad ón tráth a dhéantar cion coiriúil ***is inphionóis le huastéarma*** príosúnachta 4 bliana ar a laghad;	(c) 4 bliana ar a laghad ón tráth a dhéantar cion coiriúil ***a bhféadfar pionós uasta*** príosúnachta 4 bliana ar a laghad ***a fhorchur ina leith***;

Or. en

Leasú 77

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 12 – mír 2 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) 2 bhliain ar a laghad ón tráth a dhéantar cion coiriúil ***is inphionóis le huastéarma*** príosúnachta 2 bhliain ar a laghad.	(d) 2 bhliain ar a laghad ón tráth a dhéantar cion coiriúil ***a bhféadfar pionós uasta*** príosúnachta 2 bhliain ar a laghad ***a fhorchur ina leith***.

Or. en

Leasú 78

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 12 – mír 3 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. ***Is mar seo a leanas a bheidh an*** tréimhse teorann ***dá dtagraítear i mír 1, an dara habairt, le haghaidh na gcionta*** coiriúla dá dtagraítear in ***Airteagal 3***:	3. ***Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun foráil a dhéanamh maidir le*** tréimhse teorann ***leordhóthanach tar éis ciontú deiridh sna cionta*** coiriúla dá dtagraítear in ***Airteagail 3 agus 4 lena bhféadfar na pionóis arna bhforchur tar éis an chiontaithe sin a fhorfheidhmiú***:

Or. en

Leasú 79

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 12 – mír 3 – pointe a – pointe ii

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(ii) pionós príosúnachta le haghaidh cion coiriúil ***is inphionóis le huastéarma*** príosúnachta 8 mbliana ar a laghad;	(ii) pionós príosúnachta le haghaidh cion coiriúil ***a bhféadfar pionós uasta*** príosúnachta 8 mbliana ar a laghad ***a fhorchur ina leith***;

Or. en

Leasú 80

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 12 – mír 3 – pointe b – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) 5 bliana ar a laghad ó dháta an chiontaithe deiridh in aon cheann de na cásanna seo a leanas:	(b) 5 bliana ar a laghad ó dháta an chiontaithe deiridh in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

Or. en

Leasú 81

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 12 – mír 3 – pointe b – pointe ii

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(ii) pionós príosúnachta le haghaidh cion coiriúil ***is inphionóis le huastéarma*** príosúnachta 5 bliana ar a laghad;	(ii) pionós príosúnachta le haghaidh cion coiriúil ***a bhféadfar pionós uasta*** príosúnachta 5 bliana ar a laghad ***a fhorchur ina leith***;

Or. en

Leasú 82

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 12 – mír 3 – pointe c – pointe ii

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(ii) pionós príosúnachta le haghaidh cion coiriúil ***is inphionóis le huastéarma*** príosúnachta 4 bliana ar a laghad.	(ii) pionós príosúnachta le haghaidh cion coiriúil ***a bhféadfar pionós uasta*** príosúnachta 4 bliana ar a laghad ***a fhorchur ina leith***.

Or. en

Leasú 83

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 12 – mír 3 – pointe d – pointe ii

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(ii) pionós príosúnachta le haghaidh cion coiriúil ***is inphionóis le huastéarma*** príosúnachta 2 bhliain ar a laghad.	(ii) pionós príosúnachta le haghaidh cion coiriúil ***a bhféadfar pionós uasta*** príosúnachta 2 bhliain ar a laghad ***a fhorchur ina leith***.

Or. en

Leasú 84

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 12 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 12a
	Cosc
	1. Déanfaidh na Ballstáit bearta iomchuí, amhail oideachas agus oiliúint a chur ar fáil, agus aird ar leith á tabhairt ar an ngné ar líne, chun cionta coiriúla a bhaineann le hairm thine a dhíspreagadh agus chun an t-éileamh ar airm thine aindleathacha a laghdú.

2. Déanfaidh na Ballstáit gníomhaíocht iomchuí, lena n-áirítear tríd an idirlíon, amhail feachtais faisnéise agus múscailte feasachta, chomh maith le cláir thaighde agus oideachais, arb é is aidhm dóibh feasacht a mhúscailt agus an riosca a laghdú go mbeidh daoine, lena n-áirítear leanaí, rannpháirteach i gcionta coiriúla a bhaineann le hairm thine. I gcás inarb iomchuí, déanfar gníomhaíocht den sórt sin i gcomhar le heagraíochtaí ábhartha na sochaí sibhialta, lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha aitheanta agus gníomhacha a oibríonn le híospartaigh na coireachta, agus le páirtithe leasmhara eile. Tabharfar aird ar leith ar phointí (e) agus (f) d'Airteagal 3.

3. Féadfaidh na Ballstáit, i gcomhréir lena ndlí náisiúnta is infheidhme, feachtais um thabhairt suas deonach na n-arm tine a eagrú nó a chistiú. Maidir le diúscairt na n-arm tine, na gcomhpháirteanna bunriachtanacha agus an armlóin a bhailítear ar an mbealach sin, cuirfidh na Ballstáit na rialacha a leagtar síos in Airteagal 11 i bhfeidhm.

4. Leithdháilfidh na Ballstáit cuid de na sócmhainní arna gcoigistiú i gcur i bhfeidhm Threoir (AE) 2024/1260 i ndáil le himscrúduithe agus ciontuithe a bhaineann le hairm thine i leith na gcionta dá dtagraítear in Airteagal 3 agus Airteagal 4, chun na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i míreanna 1 go 3 den Airteagal seo a chistiú.

Or. en

Leasú 85

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 13 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Bunóidh gach Ballstát a dhlínse ar na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4 ***i gcás ina bhfuil feidhm ag aon cheann de na nithe*** seo a leanas:	1. Bunóidh gach Ballstát a dhlínse ar na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4 ***sna cásanna*** seo a leanas:

Or. en

Leasú 86

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 13 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) ***rinneadh*** an cion coiriúil ina iomláine nó go páirteach laistigh dá chríoch;	(a) ***déantar*** an cion coiriúil ina iomláine nó go páirteach laistigh dá chríoch;

Or. en

Leasú 87

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 13 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) ***rinneadh*** an cion coiriúil ar bord loinge nó ar bord aerárthaigh a cláraíodh sa Bhallstát sin nó ar a raibh a bhratach ar foluain;	(b) ***déantar*** an cion coiriúil ar bord loinge nó ar bord aerárthaigh a cláraíodh sa Bhallstát sin nó ar a raibh a bhratach ar foluain;

Or. en

Leasú 88

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 13 – mír 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) is chun tairbhe duine dhlítheanaigh i leith aon ghnó a dhéantar go hiomlán nó go páirteach ar a chríoch a dhéantar an cion cóiriúil;	(c) is chun tairbhe duine dhlítheanaigh i leith aon ghnó a dhéantar go hiomlán nó go páirteach ar a chríoch a dhéantar an cion cóiriúil;

Or. en

Leasú 89

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 13 – mír 2 – pointe d a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(da) is duine dá oifigigh an ciontóir a ghníomhaíonn agus é nó í i mbun a dhualgais nó a dualgais oifigiúil.

Or. en

Leasú 90

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 13 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. I gcásanna dá dtagraítear i mír 1(c), déanfaidh gach Ballstát na bearta is gá chun a áirithiú nach mbeidh feidhmiú a ndlínse faoi réir ceachtar de na coinníollacha seo a leanas:	***scriosta***
(a) tá na gníomhartha ina gcion coiriúil san áit a ndearnadh iad;	
(b) nach féidir an t-ionchúiseamh a thionscnamh ach i ndiaidh faisnéis a tharchur ón Stát ina ndearnadh an cion coiriúil amháin.	

Or. en

Leasú 91

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 13 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. I gcás ina dtagann cion coiriúil dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4 faoi dhlínse níos mó ná Ballstát amháin, rachaidh na Ballstáit sin i gcomhar le chéile lena chinneadh cén Ballstát a dhéanfaidh na himeachtaí coiriúla. ***Déanfar*** an t-ábhar a chur faoi bhráid Eurojust***, i gcás inarb iomchuí agus*** i gcomhréir le hAirteagal 12(2) de Chinneadh Réime 2009/948/CGB ón gComhairle***[13]***.	4. I gcás ina dtagann cion coiriúil dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4 faoi dhlínse níos mó ná Ballstát amháin, rachaidh na Ballstáit sin i gcomhar le chéile lena chinneadh cén Ballstát a dhéanfaidh na himeachtaí coiriúla. ***Chuige sin, i gcás inarb iomchuí, bainfidh siad úsáid as an tacaíocht a chuireann Eurojust ar fáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1727 nó déanfaidh siad*** an t-ábhar a chur faoi bhráid Eurojust i gcomhréir le hAirteagal 12(2) de Chinneadh Réime 2009/948/CGB ón gComhairle***[27]***.
[13] (13)Cinneadh Réime 2009/948/CGB ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le coinbhleachtaí i bhfeidhmiú dlínse in imeachtaí coiriúla a chosc agus a shocrú (IO L 328, 15.12.2009, lch. 42, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_framw/2009/948/oj).	[13] (13)Cinneadh Réime 2009/948/CGB ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le coinbhleachtaí i bhfeidhmiú dlínse in imeachtaí coiriúla a chosc agus a shocrú (IO L 328, 15.12.2009, lch. 42, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_framw/2009/948/oj).

Or. en

Leasú 92

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 13 – mír 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	4a. Sna cásanna dá dtagraítear i mír 1, pointe (c), áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh feidhmiú a ndlínse faoi réir an choinníll gur cion coiriúil iad na gníomhartha san áit ina ndearnadh iad,

ná nach féidir ionchúiseamh a thionscnamh ach amháin tar éis don íospartach tuairisc a thabhairt sa Bhallstát a ndearnadh an cion coiriúil ar a chríoch, nó tar éis don Bhallstát cáineadh a dhéanamh ar a chríoch.

Or. en

Leasú 93

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 13 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 13a
	Acmhainní
	Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an líon leordhóthanach foirne cáilithe agus na hacmhainní leordhóthanacha airgeadais, teicniúla agus teicneolaíocha ag údaráis náisiúnta a ndéanann na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3 agus in Airteagal 4, agus ag an gcomhlacht dá dtagraítear in Airteagal 15, a bhrath, a imscrúdú, a ionchúiseamh nó a bhreithniú chun a bhfeidhmeanna a bhaineann le cur chun feidhme na Treorach seo a fheidhmiú go héifeachtach.

Or. en

Leasú 94

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 14 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Gan dochar don neamhspleáchas breithiúnach agus d'éagsúlachtaí in eagrú na mbreithiúna ar fud an Aontais,	Gan dochar don neamhspleáchas breithiúnach agus d'éagsúlachtaí in eagrú na mbreithiúna ar fud an Aontais,

déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go gcuirfear oiliúint rialta speisialaithe ar fáil do na breithiúna, na hionchúisitheoirí, na póilíní, an fhoireann bhreithiúnach agus foireann na n-údarás inniúil a bhfuil baint aici le himeachtaí coiriúla agus le himscrúduithe maidir le raon feidhme na Treorach seo mar a thagraítear dó in Airteagal 1 agus is iomchuí d'fheidhmeanna na mbreithiúna, na n-ionchúisitheoirí, na bpóilíní, na foirne breithiúnaí agus fhoireann na n-údarás inniúil sin.	déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go gcuirfear oiliúint rialta speisialaithe ar fáil do na breithiúna, na hionchúisitheoirí, na póilíní***, na húdaráis chustaim***, an fhoireann bhreithiúnach agus foireann na n-údarás inniúil a bhfuil baint aici le himeachtaí coiriúla agus le himscrúduithe maidir le raon feidhme na Treorach seo mar a thagraítear dó in Airteagal 1 agus is iomchuí d'fheidhmeanna na mbreithiúna, na n-ionchúisitheoirí, na bpóilíní***, na n-údarás custaim***, na foirne breithiúnaí agus fhoireann na n-údarás inniúil sin.

Or. en

Leasú 95

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 15 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Ainmneoidh gach Ballstát Pointe Fócasach Náisiúnta Arm Tine aonair, le haghaidh comhordú agus comhar ar an leibhéal straitéiseach agus ar an leibhéal oibríochtúil i measc a údarás inniúil uile a bhfuil baint acu le cionta coiriúla a bhaineann le hairm thine a chosc agus a chomhrac. Déanfaidh an Pointe Fócasach Náisiúnta Arm Tine na cúraimí seo a leanas ar a laghad:	1. Ainmneoidh gach Ballstát Pointe Fócasach Náisiúnta Arm Tine aonair, le haghaidh comhordú agus comhar ar an leibhéal straitéiseach agus ar an leibhéal oibríochtúil i measc a údarás inniúil uile a bhfuil baint acu le cionta coiriúla a bhaineann le hairm thine a chosc agus a chomhrac ***agus cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi láithreach***. Déanfaidh an Pointe Fócasach Náisiúnta Arm Tine na cúraimí seo a leanas ar a laghad:

Or. en

Leasú 96

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 15 – mír 1 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(f) comhar idirnáisiúnta a chur chun cinn.	(f) comhar idirnáisiúnta a chur chun cinn ***agus páirt a ghlacadh ann, lena n-áirítear trí thacú le Europol, Eurojust agus CEPOL***.

Or. en

Leasú 97

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 15 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbunófar na Pointí Fócasacha Náisiúnta Arm Tine a mbeidh struchtúr iomchuí acu amhail aonad, roinn nó lárionad tiomnaithe***, *agus go leithdháilfear foireann agus acmhainní leordhóthanacha orthu chun a áirithiú go n-oibreoidh siad go leanúnach agus go bhfeidhmeoidh siad go héifeachtach***.	2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbunófar na Pointí Fócasacha Náisiúnta Arm Tine a mbeidh struchtúr iomchuí acu amhail aonad, roinn nó lárionad tiomnaithe.

Or. en

Leasú 98

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 16 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Gan difear a dhéanamh do na rialacha maidir leis an gcomhar trasteorann agus cúnamh frithpháirteach dlí in ábhair choiriúla, rachaidh na Ballstáit, Eurojust, Europol, Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, agus an Coimisiún, laistigh de raon feidhme a gcuid inniúlachtaí ar leith, i gcomhar le chéile sa chomhrac in aghaidh na gcionta coiriúla dá dtagraítear in	2. Gan difear a dhéanamh do na rialacha maidir leis an gcomhar trasteorann agus cúnamh frithpháirteach dlí in ábhair choiriúla, rachaidh na Ballstáit, ***CEPOL,*** Eurojust, Europol, Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, agus an Coimisiún, laistigh de raon feidhme a gcuid inniúlachtaí ar leith, i gcomhar le chéile sa chomhrac in aghaidh na gcionta coiriúla dá

Airteagail 3 agus 4. Chuige sin, soláthróidh Eurojust, i gcás inarb iomchuí, an cúnamh teicniúil agus oibríochtúil a theastaíonn ó na húdaráis náisiúnta inniúla chun comhordú a n-imscrúduithe a éascú. Féadfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, cúnamh a thabhairt.	dtagraítear in Airteagail 3 agus 4. Chuige sin, soláthróidh Eurojust, i gcás inarb iomchuí, an cúnamh teicniúil agus oibríochtúil a theastaíonn ó na húdaráis náisiúnta inniúla chun comhordú a n-imscrúduithe a éascú. Féadfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, cúnamh a thabhairt.
	Or. en

Leasú 99

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 16 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh tástáil chomhpháirteach treoirphleananna a éascú, ar treoirphleananna iad a bhfuil amhras ann go bhfuil siad ceaptha chun airm thine, comhpháirteanna bunriachtanacha nó armlón a mhonarú.	3. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh tástáil chomhpháirteach treoirphleananna a éascú, ar treoirphleananna iad a bhfuil amhras ann go bhfuil siad ceaptha chun airm thine, comhpháirteanna bunriachtanacha nó armlón a mhonarú. ***Chuige sin, faoi... [18 mí ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme chun bunachar sonraí a bhunú ina mbeidh treoirphleananna aitheanta agus tástáilte.***
	Or. en

Leasú 100

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 16 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3a. Is i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 19a a ghlacfar an gníomh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 3.

Or. en

Leasú 101

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 17 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Áiritheoidh na Ballstáit go gclárófar airm thine urghafa trí úsáid a bhaint as an tacar sonraí íosta a leagtar amach san Iarscríbhinn.	1. Áiritheoidh na Ballstáit go gclárófar airm thine urghafa trí úsáid a bhaint as an tacar sonraí íosta a leagtar amach san Iarscríbhinn ***a luaithe is féidir agus in aon chás tráth nach déanaí ná 48 n-uair an chloig tar éis na hurghabhála nó, i gcás inarb ábhartha, tar éis an tsainaithint fhoirmiúil a thabhairt chun críche tar éis scrúdú fóiréinseach a dhéanamh***.

Or. en

Leasú 102

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 17 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 17a
	Bearta i gcoinne na fógraíochta ar iompar a bhaineann le hairm thine aindleathacha
	Déanfaidh na Ballstáit bearta iomchuí chun cosc nó toirmeasc a chur ar fhógraíocht ábhartha a chur ar fáil don phobal, nó chun an deis a thabhairt aon cheann de na cionta dá dtagraítear in Airteagal 3 agus Airteagal 4 a dhéanamh.

Or. en

Leasú 103

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 17 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 17b
	Bearta i gcoinne comhéadain ar líne ina bhfuil treoirphleananna nó lena gcuirtear treoirphleananna ar fáil don phobal
	1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbainfear go pras na treoirphleananna atá á n-óstáil ina gcríoch agus chun féachaint leis na treoirphleananna sin atá á n-óstáil lasmuigh dá gcríoch a bhaint.
	2. Féadfaidh na Ballstáit bearta a dhéanamh chun bac a chur go pras ar rochtain úsáideoirí idirlín ar threoirphleananna laistigh dá gcríoch. Cuirfear na bearta sin chun feidhme i gcomhréir le nósanna imeachta trédhearcacha agus beidh cosaint leordhóthanach ag gabháil leo, go háirithe lena áirithiú go mbeidh an srian teoranta go dtí an méid atá riachtanach agus comhréireach agus go dtabharfar fógra d'úsáideoirí maidir leis na cúiseanna atá leis an srian. Áireofar an fhéidearthacht leigheas breithiúnach a fháil sna coimircí sin.
	Or. en

Leasú 104

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 18 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh córas digiteach i bhfeidhm chun sonraí staidrimh anaithnidithe maidir leis na cionta coiriúla dá dtagraítear in	1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh córas digiteach i bhfeidhm chun sonraí staidrimh anaithnidithe maidir leis na cionta coiriúla dá dtagraítear in

Airteagail 3 agus 4 a bhailiú, ***a fhorbairt,*** a léiriú agus a scaipeadh.	Airteagail 3 agus 4 a bhailiú, a léiriú agus a scaipeadh.

Or. en

Leasú 105

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 18 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Faoin 31 Iúil den ***séú*** bliain tar éis trasuí, agus gach ***cúig bliana*** ina dhiaidh sin, cuirfidh na Ballstáit na sonraí staidrimh dá dtagraítear i mír 1 le haghaidh ***na cúig bliana*** roimhe sin faoi bhráid an Choimisiúin. Féadfaidh na Ballstáit na sonraí sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin ar bhonn bliantúil. Áireofar sna sonraí sin, ar a laghad, sonraí atá ann cheana maidir leis an méid seo a leanas:	2. Faoin 31 Iúil den ***dara*** bliain tar éis trasuí, agus gach ***2 bhliain*** ina dhiaidh sin, cuirfidh na Ballstáit na sonraí staidrimh dá dtagraítear i mír 1 le haghaidh ***an 2 bhliain*** roimhe sin faoi bhráid an Choimisiúin. Féadfaidh na Ballstáit na sonraí sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin ar bhonn bliantúil. ***Foilseoidh an Coimisiún tuarascáil gach 2 bhliain bunaithe ar na sonraí staidrimh arna dtarchur ag na Ballstáit. Chun críocha na tuarascála,*** áireofar sna sonraí sin, ar a laghad, sonraí atá ann cheana maidir leis an méid seo a leanas:

Or. en

Leasú 106

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 18 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Soláthróidh na Ballstáit, ar bhealach digiteach, na sonraí maidir le hairm thine urghafa arna gclárú i gcomhréir le hAirteagal 17(1) do Europol***,*** ***uair sa mhí ar a laghad***.	3. Soláthróidh na Ballstáit, ar bhealach digiteach, na sonraí maidir le hairm thine urghafa arna gclárú i gcomhréir le hAirteagal 17(1) do Europol ***i bhfíor-am, i gcás inar féidir, agus uair sa tseachtain ar a dhéanaí***.

Or. en

Leasú 107

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 19 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 19a
	Nós imeachta coiste
	1. Tabharfaidh an Coiste um Airm Thine a bhunaítear le hAirteagal 20 de Threoir (AE) 2021/555 cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
	2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Or. en

Leasú 108

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 19 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 19b
	Saoirse an phreasa agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh i meáin eile
	Beidh an Treoir seo gan dochar chórais dliteanais speisialta a bhaineann le prionsabail bhunúsacha maidir le saoirse an phreasa agus le saoirse chun tuairimí a nochtadh i meáin chosanta atá ann sna Ballstáit amhail ón ... [20 lá ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], ar choinníoll gur féidir córais den sórt sin a chur i bhfeidhm i gcomhréir iomlán leis an gCairt.

Or. en

Leasú 109

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 21 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Faoin 31 Deireadh Fómhair [***8 mbliana*** tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo] agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, ina ndéanfar measúnú ar luach breise na Treorach seo maidir le cionta coiriúla a bhaineann le hairm thine a chomhrac.	Faoin 31 Deireadh Fómhair [***4 bliana*** tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo] agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, ina ndéanfar measúnú ar luach breise na Treorach seo maidir le cionta coiriúla a bhaineann le hairm thine a chomhrac.

Or. en

Leasú 110

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 21 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Faoin 31 Iúil [***8 mbliana*** tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin, soláthróidh na Ballstáit an fhaisnéis is gá don Choimisiún chun an tuarascáil sin a ullmhú, lena n-áirítear achoimre ar chur chun feidhme na Treorach seo agus ar ghníomhaíochtaí arna ndéanamh i gcomhréir le hAirteagail 14 go 16, agus aird ar leith á tabhairt ar chomhar trasteorann. Soláthróidh na Ballstáit faisnéis shonrach freisin maidir le cur chun feidhme Airteagal 8 agus an éifeacht a bhí ag na himthosca géaraitheacha a úsáideadh ar leibhéal na bpionós. Ar bhonn na meastóireachta, déanfaidh an Coimisiún, más gá, cinneadh faoi ghníomhaíochtaí iomchuí leantacha a dhéanamh.	Faoin 31 Iúil [***4 bliana*** tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin, soláthróidh na Ballstáit an fhaisnéis is gá don Choimisiún chun an tuarascáil sin a ullmhú, lena n-áirítear achoimre ar chur chun feidhme na Treorach seo agus ar ghníomhaíochtaí arna ndéanamh i gcomhréir le hAirteagail 14 go 16, agus aird ar leith á tabhairt ar chomhar trasteorann. Soláthróidh na Ballstáit faisnéis shonrach freisin maidir le cur chun feidhme Airteagal 8 agus an éifeacht a bhí ag na himthosca géaraitheacha a úsáideadh ar leibhéal na bpionós. Ar bhonn na meastóireachta, déanfaidh an Coimisiún, más gá, cinneadh faoi ghníomhaíochtaí iomchuí leantacha a dhéanamh.

Or. en

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR

I gcomhréir le hAirteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir go bhfuil ionchur curtha san áireamh aige ina thuarascáil ar shaincheisteanna a bhaineann le hábhar an chomhaid a fuair sé, le linn ullmhú na dréacht-tuarascála, ó na hionadaithe leasa seo a leanas a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach[1], nó ó na hionadaithe údarás poiblí tríú tíortha seo a leanas, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí:

1. Ionadaithe leasa a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach
Non-Violence Project Foundation
The Swedish National Council for Crime Prevention (Brottsförebyggande rådet, BRÅ)
European Association of Manufacturing Technologies (CECIMO)
Victim Support Europe
The Swedish Ministry of Justice
Sweden's National Firearms Focal Point (NFFP) - the Swedish Customs and the Swedish Police Authority
Permanent Representation of Sweden to the European Union
Europol
Eurojust
CEPOL
The European Commission
United Nations Office on Drugs and Crime (UNODC)
2. Ionadaithe ó údaráis phoiblí tríú tíortha, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí
Ionadaí ar bith

Déantar an liosta thuas a tharraingt suas faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara.

I gcás ina sainaithnítear daoine nádúrtha ar an liosta de réir a n-ainm, a bhfeidhme nó an dá cheann, dearbhaíonn an rapóirtéir go ndearna sí Fógra Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa Uimh. 484 (https://www.europarl.europa.eu/data-protect/index.do) a chur faoi bhráid na ndaoine nádúrtha lena mbaineann, ar fógra é lena leagtar amach na coinníollacha is infheidhme maidir le próiseáil a sonraí pearsanta agus na cearta a bhaineann leis an bpróiseáil sin.

/

[1] Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach (IO L 207, 11.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2021/611/oj).